Ag cabhrú le seirbhís phoiblí a ghnóthú atá...

OSCAILTE COTHROM FREAG-RACH

tuarascáil bhliantúil an ombudsman **2000**

tuarascáil bhliantúil an ombudsman **2000**

CABHRÚ CHUN SEIRBHÍS PHOIBLÍ ATÁ OSCAILTE COTHROM AGUS FREAGRACH A BHAINT AMACH

© Rialtas na hÉireann

Oifig an Ombudsman,
18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01 - 6785222
Facs : 01 - 6610570
Ríomh-phost: ombudsman@ombudsman.irlgov.ie
Idirlíon: http://www.irlgov.ie/ombudsman/

Le ceannach díreach ó Oifig Dhíolta Foilseacháin Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2 nó tríd an bpost ó Foilseacháin Rialtais, An Rannóg Post-Tráchta, 4-5 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: £5 (€6.35)

Clár Ábhair

Caibidil 1	**Réamhrá**	**3**
Caibidil 2	**Ceisteanna a thagann chun solais i roinnt Gearán reatha**	**5**
	Gearáin faoi Phleanáil Údaráis Áitiúil	6
	Dlínse an Ombudsman agus Fíneálacha áirithe	7
	Iasachtaí Tithíochta Údaráis Áitiúil	8
	Diúltú na nÚdarás Áitiúil i dtaca le Comhfhreagras a Fhreagairt	9
Caibidil 3	**An tOmbudsman, an Dlí agus an Saoránach - Cur Chuige bunaithe ar Luachanna**	**11**
	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe	14
	Na Coimisinéirí Ioncaim	15
	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh	15
	An Oifig Luachála	16
	Bord Sláinte an Oirdheiscirt	17
	Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	19
	Comhairle Cheantair Uirbigh Dhún Dealgan	20
	Comhairle Chontae Chill Chainnigh	21
Caibidil 4	**Cásanna Roghnaithe**	**23**
	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	24
	Na Coimisinéirí Ioncaim	24
	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh	25
	Comhairle Chontae na Mí	27
	Comhairle Chontae Mhaigh Eo	29
	Bardas Loch Garman	31
	Comhairle Chontae Chill Dara	32
	Bord Sláinte an Deiscirt	33
	Bord Sláinte an Mheániarthair	33
Caibidil 5	**An Bhliain faoi Athbhreithniú**	**35**
	Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas	36
	An Bille Ombudsman (Leasú)	36
	Bainistíocht Straitéiseach agus Pleanáil Gnó	36
	Tuarascálacha ar Shaincheisteanna nó ar Shainréimsí Riaracháin Phoiblí	37
	Rochtain agus Feasacht an Phobail	38
	Teagmháil le hOifigí eile Ombudsman	38
	Caidreamh le Comhlachtaí laistigh de Théarmaí Tagartha	39
	Staitisticí na nGearán	
Caibidil 6	**Staitisticí**	**41**
	An Fhoireann	
	Innéacs	

Brollach

Déanaim leis seo mo sheachtú Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid na Dála agus an tSeanaid de bhun fhorálacha Alt 6 (7) den Acht Ombudsman, 1980. Is é seo an 17ú Tuarascáil Bhliantúil atá curtha faoi bhráid an Oireachtais i dtaca le hobair Oifig an Ombudsman ó bunaíodh í sa bhliain 1984.

Caoimhín Ó Murchú

Caoimhín Ó Murchú
Ombudsman

Aibreán 2001

Caibidil 1

Réamhrá

CABHRÚ CHUN SEIRBHÍS PHOIBLÍ ATÁ OSCAILTE COTHROM AGUS FREAGRACH A BHAINT AMACH

Réamhrá

Clúdaíonn an Tuarascáil seo na deich mí dheireanacha de mo chéad téarma mar Ombudsman in éineacht leis an gcéad dá mhí den dara téarma agam. Rinne A Soilse, Máire Mhic Giolla Íosa, Uachtarán na hÉireann, mé a athcheapadh le feidhm ó 1 Samhain 2000 i ndiaidh rún, a rith Dáil Éireann agus Seanad Éireann, inar moladh mo cheapachán.

I gCaibidil a Dó cuirim béim ar roinnt ceisteanna a neascraíonn ó ghearáin atá á scrúdú ag m'Oifig. Ina measc sin go príomha tá an deacracht a bhíonn agam gearáin faoi phleanáil údaráis áitiúil a scrúdú sa bhorradh foirgníochta reatha. Mar a tharlaíonn sé, tagraíonn na ceisteanna eile a ardaím sa Chaibidil seo d'údaráis áitiúla chomh maith.

I gCaibidil a Trí, dar teideal "An tOmbudsman, an Dlí agus an Saoránach - Cur Chuige bunaithe ar Luachanna", déanaim athmheasúnú, ag cuimhneamh ar an rud dá dtagraítear mar an clár nuachóirithe do sheirbhís phoiblí na hÉireann, ar an ról a ghlacann Oifig an Ombudsman agus oifigí eile chun tacú le saoránaigh ina n-idirghníomhaíochtaí leis an Stát. I gcroílár an chláir nuachóirithe tá baint amach athraithe bhunúsaigh i gcomhlachtaí na seirbhíse poiblí. Go traidisiúnta, bhí siad sin fíorláraithe, faoi cheangal rialacha agus dolúbtha agus is é an tasc atá ann anois go mbeidís níos oiriúnaí agus níos freagraí do riachtanais agus éilimh athraitheacha. Is éard a bheidh le déanamh chuige sin ná níos mó béime a chur ar fheidhmiú ag leibhéal pearsan aonair, foirne agus eagraíochta araon chun torthaí agus aschuir níos fearr a bhaint amach. Déanaim iarracht a n-impleachtaí sin a mheas ag cuimhneamh ar fhorbairtí i ndlí riaracháin trí ní hamháin cearta saoránach a bhreithniú ach na luachanna atá mar bhonn den chaidreamh is ceart a bheith ag an Stát le saoránaigh a bhreithniú chomh maith. Cuirim i láthair chomh maith cuntais ar roinnt gearán atá bainteach leis na téamaí sin.

I gCaibidil a Ceathair áirítear raon cásanna níos ginearálta ar dhéileáil m'Oifig leo le linn 2000 agus i gCaibidil a Cúig agus a Sé tuairiscítear sonraí obair na hoifige in éineacht le sonraí staidrimh agus anailís ar chásanna a láimhsíodh i 2000.

Táim an-bhuíoch de m'fhoireann as an obair mhór a rinne siad agus as an ngealltanas a thug siad le linn na bliana ar fad. Is mian liom buíochas a ghabháil le m'Ard-Rúnaí, Pat Whelan, agus le Tom Morgan agus John Doyle as a n-obair chun an Tuarascáil Bhliantúil seo a ullmhú.

Caibidil 2

Ceisteanna a thagann chun solais i roinnt Gearán reatha

CABHRÚ CHUN SEIRBHÍS PHOIBLÍ ATÁ OSCAILTE COTHROM AGUS FREAGRACH A BHAINT AMACH

Ceisteanna a thagann chun solais i roinnt Gearán reatha

Ní mór dom tuairisciú don Dáil agus don Seanad gach bliain ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna atá agam. Agus mé á dhéanamh sin tuairiscím ar chásanna aonair inspéise nó ábhair imní agus aithním téamaí a eascraíonn uathu sin. Tugann mo Thuarascáil Bhliantúil deis chomh maith chun béim a chur ar theipeanna sa chóras atá aitheanta agam agus leighis mholta a chur ar aghaidh. Ó am go ham déanaim trácht ar chásanna a sheirbheálann chun mo dhlínse a shoiléiriú mar gur féidir leis sin a bheith tábhachtach ó thaobh gearán ionchasach de. Tugann mo Thuarascáil Bhliantúil deis chun féachaint siar ar an mbliain atá caite ach tugann sí deis chomh maith chun béim a chur ar cheisteanna imní leanúnaí a dtabharfar aird ar leith orthu le linn na bliana seo chugainn.

Sa chaibidil seo déileálaim leis na deacrachtaí ar leith a chothaítear le gearáin phleanála do m'oifig. Ina theannta sin, soiléirím mo dhlínse i dtaca le gearáin a scrúdú a bhaineann le fíneálacha áirithe. Déanaim trácht ansin ar an gcruatan a fhulaingíonn roinnt teaghlach le hiasachtaí úis aird údaráis áitiúil agus ar na hiarrachtaí atá déanta agam faoiseamh a thabhairt sna dála ar leith. Ar deireadh, aithním an méid a fheictear dom mar pholasaithe do-ghlactha a chuireann roinnt údarás áitiúil i bhfeidhm agus iad ag láimhsiú uiríoll a dhéantar leo thar ceann ball den phobal.

Gearáin faoi Phleanáil Údaráis Áitiúil

Tá borradh faoin bhfoirgníocht in Éirinn faoi láthair. Mar shampla, fuair údaráis áitiúla 41,924 iarratas pleanála i 1989. Faoi 1999 bhí sé sin ardaithe go 80,261 iarratas pleanála. Mar thoradh ar an mborradh tá méadú ar líon na ngearán pleanála a fhaightear i m'Oifig in éineacht le méadú ar an líon fiosruithe pleanála a dhéantar ó lá go lá a ndéileálann m'fhoireann leo thar an nguthán. Teorannaíonn mo chumhacht an ról atá agam i ngnóthaí pleanála do riaradh an phróisis pleanála ag údaráis áitiúla a scrúdú agus na dlíthe pleanála a chur i bhfeidhm i gcásanna nuair a tharlaíonn sárú pleanála. Ní féidir liom cinntí a cheistiú i dtaca le cead pleanála a cheadú nó a dhiúltú mar go soláthraíonn an Bord Pleanála meicníocht achomharc reachtúil neamhspleách i dtaca le cinntí pleanála.

I mo thuairimse tá roinnt fachtóirí ann arb iad is cúis le fuascailt shásúil gearán pleanála a bheith ag éirí níos deacra. Is éard atá sa tiomáint atá laistiar den bhrú eacnamaíoch agus polaitiúil ná go gcríochnófaí forbraíochtaí i bhfráma ama chomh gairid agus is féidir. I mo thuairim, tá dearmad á dhéanamh ar an bhfíor-dhrochthionchar is féidir a bheith ag forbraíocht foirgníochta ar dhaoine a chónaíonn i gcomharsanacht forbraíochtaí dá leithéidí. Féadfaidh forbraíochtaí tionsclaíocha nach rialaítear go docht aerthruailliú agus truailliú de dheasca torainn a chothú. Féadfaidh forbairtí neamhúdaraithe cúngrach ar phríobháideacht maoine in aice láimhe a chothú. Féadfaidh eastáit thionsclaíocha a fhágtar gan chríochnú blianta cur isteach agus ciaptha a chothú do chinn tí. Sna cásanna aonair atá feicthe agam dearbhaítear méid agus ilchineálacht na ndrochthionchar a thagann chun solais.

Chun na deacrachtaí os comhair daoine atá ag cur in aghaidh forbraíochtaí neamhúdaraithe, nó forbraíochtaí nach gcomhlíonann an cead pleanála, más fíor, a réiteach tá sé ag éirí róshoiléir go bhfuil cuid mhaith rannóg pleanála de chuid na n-údarás áitiúil gann i bhfoireann. Mar thoradh air sin, tá an bhéim á cur ar iarratais ar cheadanna pleanála a phróiseáil in áit í a chur ar sháruithe ceadanna pleanála a phóilíniú nó dul ar thóir forbróirí a bhfuil forbraíochtaí neamhúdaraithe déanta acu. Nuair atá sé soiléir go bhfuil sárú i ndiaidh tarlú nó go bhfuil forbraíocht neamhúdaraithe i bhfeidhm, braithim go bhfuil drogall sonrach ar thaobh na n-údarás áitiúil forbróirí a thabhairt chun cúirte. Is minice ná a mhalairt go nglactar cur chuige "ná cuirtear isteach orthu", le forbróirí á spreagadh le cur isteach ar choinneáil chun go dtabharfaí sáruithe láithreacha chun rialtachta, in áit imeachtaí forfheidhmiúcháin a chur orthu. Cé go bhfuil rogha ag údaráis áitiúla maidir le himeachtaí forfheidhmiúcháin a ghlacadh i gcásanna aonair, dealraíonn sé dom go mbaintear leas as an rogha sin go han-mhinic ar thaobh an fhorbróra. Cothaíonn sé sin atmaisféar a spreagann forbróirí le leanúint de na dlíthe pleanála a shárú,

go háirithe nuair atá comhlíonadh iomlán níos costasaí agus míchaoithiúil don fhorbróir. Ina theannta sin, baineann sé an bonn ó mhuinín an phobail sa phróiseas pleanála agus méadaíonn sé ciniceas an phobail agus an claonadh go dtugtar creidiúint do líomhaintí gan bhunús de mhorgthacht agus coinbhleachtaí leasa ar thaobh oifigeach poiblí agus ionadaithe an phobail.

Tá na heilimintí is bunúsaí de na seirbhísí a sholáthraíonn rannóga pleanála ag dul in olcas fiú. Insíonn an pobal dom nach bhfuil siad in ann teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann chun a ngearáin a phlé, go bhfuil an deacracht le cruinnithe a shocrú le hoifigigh phleanála ag dul i méid agus nach bhfuil litreacha á n-admháil ná á bhfreagairt. Is ábhar imní dom chomh maith é an mhoill mhór a bhíonn ann ar thaobh na n-údarás áitiúil ag soláthar tuairiscí do m'Oifig ar ghearáin phleanála. Is é mo mhórthuairim ná gur córas é atá ar tí titim as a chéile.

Déanann an tAcht Pleanála agus Forbartha, 2000, na hAchtanna Pleanála go léir roimhe a chomhdhlúthú agus a athbhreithniú agus tugann raon forálacha nua isteach, ina n-áirítear roinnt forálacha i réimse an fhorfheidhmiúcháin pleanála. Tá na forálacha sin á gcur i bhfeidhm thar am agus níl tionchar iomlán an Achta nua soiléir fós. Teastaíonn próiseas pleanála ónár ngeilleagar forásach a fheidhmíonn ina iomláine agus a aithníonn is a spreagann pleanáil chothromaithe agus chomhtháite, ar thaobh amháin, fad a léirítear meas ar chearta agus ar cháilíocht beatha daoine a chónaíonn láimh le forbraíochtaí nua. Ní tharlóidh sé sin le hathrú sa reachtaíocht amháin mura soláthraítear dóthain foirne agus acmhainní eile ar an talamh. Tá sé de rún agam monatóireacht ghéar a dhéanamh ar an réimse sin sa bhliain romhainn agus, más gá, béim a chur ar aon lochtanna córasacha a aithním sa phróiseas pleanála de réir mar a bhíonn lánfheidhm ag an reachtaíocht nua.

Dlínse an Ombudsman agus Fíneálacha áirithe

Ó am go ham faighim gearáin nach dtagann go soiléir faoi mo dhlínse. Tháinig ceisteanna dlínse chun solais le linn na bliana i dtaca le trí phíosa reachtaíochta ar leith. Ba í an chomhghné de na trí cinn díobh ná an bhféadfainn déileáil le fineálacha/pionóis a ghearrann comhlachtaí atá laistigh de mo dhlínse. Bheartaigh mé ar chomhairle dlí ar an ngnó sin a fháil.

Bhain an chéad chás le cinneadh ón bPost triúr tionóntaí ar chreid sé nach raibh ceadúnais teilifíse acu a ionchúiseamh. Chuir an Post na cónaitheoirí ar an eolas go rabhthas chun gach duine díobh a ionchúiseamh go hachomair faoi Alt 77(b) den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983. D'áitigh an Post nár tháinig a ghníomhaíochtaí laistigh de scóip Alt 4(2) den Acht Ombudsman, 1980 agus "gur glacadh iad chun an dlí coiriúil a chur i bhfeidhm agus ní chun feidhm riaracháin a chomhlíonadh". Faoi Alt 4(2) den Acht Ombudsman, 1980, ceadaítear dom gníomhaíochtaí riaracháin na gcomhlachtaí laistigh de mo théarmaí tagartha a imscrúdú.

Is í an chomhairle a fuair mé i dtaca leis an gcás seo ná go raibh an gnó laistigh de mo dhlínse agus, le comhoibriú an Phoist, táim ag dul ar aghaidh leis an ngearán a scrúdú.

Bhain an dara gearán le cinneadh ó Bhardas Átha Cliath fíneáil a ghearradh as sárú líomhanta ar Alt 3(1) den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997. Rinne an gearánaí an gnó a achomharc le Bardas Átha Cliath ach cuireadh in iúl dó nach ndéanfaí an fhíneáil a tharscaoileadh. Cuireadh ar an eolas é go gceadódh an Bardas síneadh ama dó chun an fhíneáil a íoc sula rachfaí i muinín an dlí leis an ngnó a réiteach.

Is é an cuspóir atá le fógraí pionóis sheasta (nó "spotfhíneálacha") ná an costas agus an stró a ghabhann le himeachtaí cúirte a sheachaint i leith cionta atá réasúnta soiléir agus nach bhfuil chomh trom sin. Féadfaidh duine lena mbaineann fógra an "fíneáil" a íoc laistigh de 21 lá, as a stuaim féin, agus leis sin ionchúiseamh don chion líomhanta a sheachaint.

Ag eascairt ón dara cás, chinn mé chomh maith ar chomhairle dlí a lorg faoi mo dhlínse i dtaca le gearáin faoi "spotfhíneálacha" a ghearrann údaráis áitiúla faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, i leith cionta nach chomh tromchúiseach iad, mar shampla, cionta páirceála, agus i leith dioscaí bailí mótarchánach gan a bheith ar taispeáint. Tá an Garda Síochána liostaithe ar Chuid 11 den Chéad Sceideal den Acht Ombudsman, 1980, mar cheann de na comhlachtaí lasmuigh de mo théarmaí tagartha agus mar sin ní féidir liom gearáin a scrúdú i dtaca le fíneálacha a eisíonn na Gardaí.

Taobh amuigh den cheist an bhféadfaí na gníomhaíochtaí i gceist a mheas mar ghníomhaíochtaí riaracháin, bhí ar mo chomhairleoirí dlí Alt 5 (1)(a)(ii) den Acht Ombudsman, 1980, a chur san áireamh chomh maith, ina bhforáiltear nach féidir liom aon ghníomhaíocht a imscrúdú nuair atá ceart "achomhairc, tarchuir nó athbhreithnithe chun cúirte nó os comhair cúirte ...".

Ba í an chomhairle dlí a fuair mé i dtaca leis an dara cás agus i dtaca leis na fíneálacha áirithe tráchta bóthair chomh maith ná go raibh na gníomhaíochtaí i gceist de chineál riaracháin agus ina theannta sin nach n-áireofaí a leithéid de chásanna laistigh de théarmaí an eisiaimh in Alt 5 (1)(a)(ii) den Acht Ombudsman, 1980.

Dá réir sin, chuaigh mé ar aghaidh leis an ngearán in aghaidh Bhardas Átha Cliath a scrúdú. Rinne an Bardas an fhíneáil a tharscaoileadh ina dhiaidh sin.

Iasachtaí Tithíochta Údaráis Áitiúil

Le roinnt gearán a fuair mé le linn na bliana cuireadh béim ar na deacrachtaí atá tagtha chun solais do theaghlaigh áirithe a bhfuil morgáistí úis aird údaráis áitiúil tógtha acu gan aon chosaint morgáiste. Cuireadh ráta úis de 12.5% i bhfeidhm ar roinnt iasachtaí ráta seasta údaráis áitiúil chun teach a cheannach go déanach sna 1970idí agus go luath sna 1980idí. Bhain an ráta úis le costas an mhaoinithe fadtéarma a bhí i réim ag an tráth sin agus bhí an ráta sin seasta do thréimhse iomlán na hiasachta. I roinnt cásanna cuireadh na hiasachtaí ar fáil ag rátaí beagán níos ísle ach bhí na rátaí a cuireadh i bhfeidhm i bhfad níos airde ná na rátaí úis atá i réim le blianta beaga anuas.

Ó Iúil 1986 i leith tá cosaint morgáiste i ndiaidh a bheith ina sainchuid d'iasachtaí údaráis áitiúil dá leithéidí. Agus gearán amháin á scrúdú agam fuair mé amach, nuair a tugadh isteach an riachtanas cosanta morgáiste i dtosach báire, nár bhain sé ach le hiasachtaí a tógadh ar 1 Iúil 1986 nó ina dhiaidh sin. Níor tugadh an rogha do dhaoine a thóg morgáistí údaráis áitiúil roimhe sin dul isteach sa scéim cosanta morgáiste ag an am agus níor cuireadh ar an eolas iad go raibh scéim dá leithéid á tabhairt isteach le haghaidh iarratasóirí nua. Mar thoradh air sin, ní bheadh an chuid is mó díobh i ndiaidh leas a bhaint as tairbhí féideartha na cosanta morgáiste agus níor cuireadh comhairle orthu a gcumhdach féin a lorg. Gan dabht, thar na blianta ghlac cuid mhaith díobh leis go mícheart go raibh cosaint morgáiste acu go dtí gur tháinig sé sin chun solais faoi chúinsí éigin a chuir orthu fiosruithe a dhéanamh leis an údarás áitiúil.

D'iarr mé ar an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil iarraidh ar údaráis áitiúla na morgáistithe go léir le hiasachtaí gan íoc a raibh a n-iasachtaí tógtha acu roimh 1 Iúil 1986 a chur ar an eolas nach raibh aon chosaint morgáiste acu mar chuid dá n-iasachtaí údaráis áitiúil agus comhairle a chur orthu a bhfiosruithe féin a dhéanamh faoi chosaint dá leithéid a fháil. Rinne an Roinn teagmháil leis na húdaráis áitiúla in am tráth. Creidim go bhfuil an líon teaghlach sa riocht sin réasúnta mór. Tá breis is 1000 morgáiste dá leithéid ag Comhairle Chontae an Chabháin agus tá 300, nach mór, ag Comhairle Chontae Loch Garman.

Mar thoradh ar thionchar airgeadais na rátaí arda úis in éineacht leis an easpa cosanta morgáiste tá iarmhairtí troma i ndiaidh a bheith ann i gcás roinnt teaghlach. I gcás amháin thóg lánúin iasacht údaráis áitiúil i 1981 de £9,000 (€11,427.64) le haisíoc thar 30 bliain. Tugadh an iasacht ag ráta úis sheasta de 12.5%. Ba é an méid a bhí gan íoc i Márta 2000 ná £7,306.99 (€9,277.96) agus is £96.29 (€122.26) a bhí sna haisíocaíochtaí míosúla. Fuair an fear céile bás i ndálaí tragóideacha i 1998 agus fágadh an

bhaintreach le soláthar do bheirt pháistí óga. Ba é an t-ioncam a bhí aici ná £110 (€139.67) in aghaidh na seachtaine. Faoi dheireadh 2000 is £19,987 (€25,378.25) san iomlán a bhí sna híocaíochtaí. Thar thréimhse iomlán na hiasachta is £34,578 (€43,905) san iomlán a bheidh sna haisíocaíochtaí, méid ina n-áirítear ús de £25,578 (€32,477.36). Mar gur tógadh an iasacht i gceist roimh 1 Iúil 1986 níor áiríodh cosaint morgáiste ann agus níor thuig sí é sin go dtí go ndearna sí teagmháil lena húdarás áitiúil i ndiaidh bhás a fir céile.

I gcás eile thóg lánúin iasacht de £12,000 (€15,236.86) i 1985 le haisíoc thar 30 bliain. Tugadh an iasacht ag ráta úis sheasta de 12.0%. Buaileadh an fear céile go dona breoite i 1998 agus bhí air a phost a fhágáil. Go gairid i ndiaidh dá bhean chéile gearán a chur chuig m'Oifig cailleadh a fear céile. Fágadh an bhaintreach le ceithre páistí. Is £129 (€163.80) a bhí sna haisíocaíochtaí míosúla ar an iasacht. Thar thréimhse iomlán na hiasachta is £44,435 (€56,420.81) san iomlán a bheidh sna haisíocaíochtaí, méid ina n-áirítear ús de £32,435 (€41,183.95). Arís, níor thuig sí nach raibh aon chosaint morgáiste aici go dtí go ndearna sí teagmháil lena húdarás áitiúil.

Tá mé buartha go bhféadfadh sé go léiríonn na cásanna sin fadhb níos forleithne a imríonn tionchar ar chuid mhaith teaghlach eile agus atá cothaithe ag an teaglaim ar leith fachtóirí acu. Táim cinnte nach bhfuil an rogha ag cuid mhaith teaghlach le morgáistí údaráis áitiúil, mar atá ag sealbhóirí morgáiste eile, a morgáistí a thiontú trí aistriú chuig soláthraí eile morgáiste mar gheall ar a n-ioncam íseal nó éiginnte. Táim i ndiaidh scríobh chuig an Roinn ag tuairisciú mo thuairimí agus iarraidh uirthi cuimhneamh ar scéim faoisimh de chineál chun cúnamh a sholáthar d'fhíorchásanna cruatain. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna go tréimhsiúil chun a fháil amach an bhfuil a gcuspóirí á mbaint amach. Ceapadh scéim na n-iasachtaí tithíochta údaráis áitiúil ó thús chun cabhrú leo sin nach mbeadh in ann iasachtaí a fháil ar an margadh tráchtála.

Diúltú na nÚdarás Áitiúil i dtaca le Comhfhreagras a Fhreagairt

Is í an chuisle a chothaíonn daonlathas beoga, sláintiúil agus lánfheidhmeach ná an saorshreabhadh eolais ó chomhlachtaí poiblí isteach san fhearann poiblí. Tá an dualgas ar chomhlachtaí poiblí a gcinntí a mhíniú agus eolas a thabhairt don phobal ar a gcearta agus a dteidlíochtaí. Is ceart go mbeadh gach saoránach in ann uiríll a dhéanamh go pearsanta, trí ionadaí poiblí, trí ghrúpa a bhfuil sé/sí mar bhall de e.g. cumann cónaitheoirí, nó le cúnamh tríú páirtí a roghnaíonn siad e.g. sagart, dochtúir, oibrí sóisialta, srl. Cuireann an reachtaíocht agus tionscnaimh na seirbhíse poiblí le déanaí bonn faoi na prionsabail sin ó roinnt dearcaí. Is iad na samplaí is soiléire ná an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997, agus an Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí (TBS) atá ag tosú dá leathadh ar fud na hearnála údaráis áitiúil. Gan dabht, i gcomhthéacs an phróisis TBS, tagraíonn foilseachán na Roinne Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil Rialtas a Nuachóiriú - An Dúshlán roimh Rialtas Áitiúil don ghá le "craobhscaoileadh eolais réamhghníomhach do chustaiméirí".

Déanann comhlachtaí poiblí a fhéachann le hoibriú in atmaisféar rúndachta, a sholáthraíonn eolas i bpáirt do shaoránaigh nó a chraobhscaoileann eolas ar bhonn roghnach, an bonn a bhaint ó na bunphrionsabail sin d'oscailteacht agus trédhearcacht. Is ábhar mór imní é má chuireann comhlacht poiblí constaicí in airde go comhfhiosach a sheirbheálann leis an saorshreabhadh eolais don phobal a chosc nó a bhacadh. Ach is é sin a d'aimsigh mé agus mé ag déileáil le roinnt gearán in aghaidh Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae Liatroma. Táim i ndiaidh a bheith ag déileáil leis na cásanna aonair le tréimhse mhór ama agus tá curtha in iúl dom go bhféadfadh sé nach bhfuil an fhadhb teoranta don dá údarás áitiúil sin amháin. Ag cuimhneamh air sin, tá an gnó ardaithe agam leis an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.

Tá polasaí curtha i bhfeidhm ag Comhairle Chontae Liatroma nach bhfreagraíonn sí ach d'uiríll ó bhaill tofa den

Chomhairle agus ó ionadaithe tofa eile de thoghlach Shligigh/Liatroma nó ó Airí Rialtais agus Airí Stáit. Ba í éifeacht an pholasaí sin ná nach bhfreagródh sí d'uiríll, mar shampla, ó ghníomhaígh phobail nár toghadh i dtoghcháin na Comhairle, ó dhochtúirí, ó shagairt, srl. I ndiaidh na hidirghabhála uaim fuair an Chomhairle réidh leis an bpolasaí sin.

Tá polasaí curtha i bhfeidhm ag Comhairle Chontae na Gaillimhe nach bhfreagraíonn sí i bhfoirm scríbhinne ach do na huiríll sin a fhaightear ó bhaill tofa den Chomhairle nó ó bhaill den Oireachtas thar ceann daoine aonair nó grúpaí. Ba í éifeacht an pholasaí ná nach bhfreagródh an Chomhairle d'uiríll ó Choimisinéir Baile tofa agus Comhairleoir Contae ionchasach, ó thaobh istigh de Chontae na Gaillimhe, a bhí ag feidhmiú thar ceann a thoghthóirí agus eile. Is é mo mhórthuairim gur polasaí do-ghlactha é sin. Tugadh isteach go sainiúil é chun buntáiste éagórach a thabhairt do Chomhairleoirí tofa agus is mí-úsáid a bhaintear as an bpróiseas daonlathach é sa chaoi gur iarracht é iallach a chur ar thoghthóirí a n-uiríll a chainéalú trí na baill sin den Chomhairle/Oireachtas a bhfuil cumhacht acu cheana féin. Níl aon amhras orm ach gurb éard atá ar cheann de phríomhchuspóirí an pholasaí ná an iomaíocht ó dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ina gComhairleoirí a laghdú. Tá an imní atá orm faoi sin curtha in iúl agam don Roinn agus don Chomhairle ach go nuige seo níl an polasaí curtha ar ceal ag an gComhairle. Táthar ag leanúint de mo scrúdú ar an gceist.

NÍ MÓR DOM TUAIRISCIÚ DON DÁIL AGUS DON SEANAD GACH BLIAIN AR CHOMHLÍONADH

NÍ MÓR DOM TUA
DON DÁIL AGUS D

Caibidil 3

An tOmbudsman, an Dlí agus an Saoránach - Cur Chuige bunaithe ar Luachanna

CABHRÚ CHUN SEIRBHÍS PHOIBLÍ ATÁ OSCAILTE COTHROM AGUS FREAGRACH A BHAINT AMACH

An tOmbudsman,
an Dlí agus an Saoránach - Cur Chuige bunaithe ar Luachanna

Reachtaíocht Phríomha agus Thánaisteach

Tá tasc deacair ag seirbhísigh phoiblí an iliomad scéimeanna agus clár a theagmhaíonn le gach gné den saol a riar. Tá an méid reachtaíochta ar na leabhair reachtanna ag dul i méid i gcónaí agus tá cuid di, cé go bhfuil sí seanaimseartha, i bhfeidhm i gcónaí. Ritheadh 425 Acht den Oireachtas ar an meán idir 1990 agus 2000. Ina theannta sin, tá iomadú reachtaíochta tánaistí, nó tarmligthe, ann le cuid mhaith di ag teacht ón Aontas Eorpach. Le deich mbliana anuas thart ar 450 san iomlán a bhí sa mheánlíon bliantúil píosaí reachtaíochta tarmligthe a ritheadh. I 1998 ann féin achtaíodh 572 phíosa reachtaíochta tánaistí.

Tá eolas maith ar mo thuairimí ar reachtaíocht thánaisteach ó foilsíodh mo thuarascálacha ar Dheontais Tí Altranais agus ar Riaráiste Pinsin Chaillte. Ní dhéanann Tithe an Oireachtais ach fíorbheagán mionscrúdaithe, má dhéantar aon mhionscrúdú, ar reachtaíocht dá leithéid. Caithfidh mé áirgiúlacht na reachtaíochta tánaistí a aithint, i dtéarmaí na solúbthachta a sholáthraíonn sí do na rialacháin il-leabhrach agus chasta go minic agus i dtéarmaí na dodhéantachta i dtaca le Tithe an Oireachtais ag mionscrúdú na reachtaíochta uile dá leithéid sin. Tá sé áitithe agam, áfach, nach ceart pionóis nó eirí a ghearradh ach de réir rialacháin nuair is léir go raibh sé i gceist ag an Oireachtas sa reachtaíocht phríomha chuí gur mar sin is ceart a bheith. Tá sé molta agam chomh maith gur ceart go dteastódh ceadú sainiúil na dTithe i gcás rialachán a bhronnann teidlíochtaí, a iarrann íocaíochtaí ar, nó a ghearrann pionóis ar bhealach eile ar, bhaill den phobal. Féadfaidh tionchar trom, agus nach rabhthas ag súil leis uaireanta, a bheith ag reachtaíocht dá leithéid. Mar shampla, i mo Thuarascáil Bhliantúil do 1998 (leathanaigh 20-22) luaigh mé samplaí de na hailt de na Rialachaín Tithíochta (Deontais le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas agus le haghaidh Deisiúchán Riachtanais), 1993, a raibh mar thoradh orthu go ndearnadh iarratasóirí cáin-chomhlíontacha deontas a dhícháiliú óna dteidlíochtaí mar nach raibh gnóthaí cánach na bhfoirgneoirí a bhí i mbun na ndeisiúchán in ord.

Ó dhearcadh comhlachta phoiblí, tá tasc na cinnteoireachta éirithe níos casta ná riamh, tasc nach mór a dhéanamh leis an mbrú breise ama agus bacainní buiséadacha. Feicim go bhfuil na gearáin ag éirí níos casta agus, ar ócáidí, go dteastaíonn cuid mhaith taighde dlí agus eile ó m'Oifig dóibh. Ar shlí, tá an áis agam gur féidir liom am agus acmhainní a cheadú le tabhairt do mhionscrúdú na ngearán is casta a fhaighim agus mo thuairimí measta a chur in iúl do na comhlachtaí poiblí lena mbaineann agus do Thithe an Oireachtais. Ach tá sé chomh tábhachtach céanna go nglacaim am chun mo chur chuige agus ról a mhíniú i dtaca le gearáin a bhraitheann ar léirmhíniú agus feidhmiú reachtaíochta mar nach dtuigtear mo ról ina iomláine i gcónaí.

Cur Chuige bunaithe ar Luachanna don Chaidreamh idir an Stát agus an Saoránach

Tá cumhachtaí agus feidhmeanna comhlachtaí poiblí leagtha amach sa dlí ach nuair a úsáideann siad a gcumhachtaí agus nuair a bhaineann siad leas as a bhfeidhmeanna, ceadaítear méid mór rogha do na comhlachtaí poiblí i gcónaí, nach mór. I ndaonlathas, tá sé riachtanach go bhfuil gealltanas ag saoránaigh go mbainfidh comhlachtaí poiblí úsáid as a gcumhachtaí agus leas as a bhfeidhmeanna ní hamháin ar bhealach cuí agus dleathach ach ina theannta sin ar bhealach atá de réir cothroime agus dea-riaracháin. I mo Thuarascáil Bhliantúil do 1996, d'fhoilsigh mé Treoir do Chaighdeáin Bharrchleachtais do Sheirbhísigh Phoiblí ina ndéileáil le saoránaigh, treoir atá le fáil i bhfoirm bileoige. Agus an treoir sin á dréachtadh, chuimhnigh mé ní hamháin ar ghníomhaíochtaí riaracháin míchuibhiúla a leagtar amach in Alt 4 den Acht Ombudsman, 1980, ach ina theannta sin do phrionsabail ghinearálta an dlí riaracháin mar atá soiléirithe ag Cúirteanna na hÉireann, an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine agus an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach.

Le bliain nó dhó anuas, tá sé tugtha faoi deara agam, gan baint dá dtábhacht, go léiríonn na prionsabail ghinearálta sin, mar sin féin, dearcadh traidisiúnta ar ról na gcomhlachtaí poiblí. Cuireann siad béim ar na sriantachtaí a

chuirtear ar chomhlachtaí poiblí i gceart nuair a dhéileáiltear le daoine agus nuair a dhéantar cinntí a imríonn tionchar orthu. Go bunúsach, ní mór do chomhlachtaí poiblí neamhdhlíthiúlacht, mírialtacht, míchuibhiúlacht i nósanna imeachta agus easpa comhréire a sheachaint - mura ndéantar é sin d'fhéadfadh sé go gcuirfí in aghaidh a gcinntí bealach athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Gan dabht, tá na prionsabail sin forbartha go mór thar am. Tá tionchar imeartha orthu ag athruithe sa tsochaí agus sa rialú, i gcoitinne, agus, ach go háirithe, ag forbairtí a bhaineann le coincheapa saoránachta agus rannpháirteachais dhaonlathaigh. Ach táim tógtha leis an díospóireacht fhorásach i measc dlíodóirí acadúla faoi na luachanna atá mar bhonn ag na prionsabail atá fógartha san iliomad cinntí cúirte a bhaineann le cásanna dlí riaracháin agus le hathbhreithniú breithiúnach.

Tagraítear do na luachanna sin go minic mar "cearta cúlra" ach ní cearta iontu féin iad. Go bunúsach, is éard atá i gcearta ná na meáin chun luachanna a chosaint. Cé go mbaineann cearta le próiseas agus nósanna imeachta na cinnteoireachta, baineann luachanna leis an tábhacht le gníomhaíocht nó cinneadh do na daoine aonair a n-imríonn sí/sé tionchar orthu. Ar bhealach eile, d'fhéadfadh sé go mbeadh cinneadh ceart ó thaobh nóis imeachta agus de réir an dlí, ach chun na luachanna atá mar bhonn den chinneadh a mheas is gá díriú ar thoradh an chinnidh. Tá tráchtaire[1] amháin i ndiaidh tagairt do luachanna mar an "dearcadh morálta cúlra den chaoi ar ceart don saol a bheith do dhaoine aonair i sochaí eagraithe". Tá tráchtaire[2] eile i ndiaidh cúig chroíluach a aithint a rialaíonn an caidreamh idir an stát agus an saoránach, rud a léiríonn sí mar an ngá le huathriail, dínit, meas, stádas agus slándáil daoine aonair a chaomhnú.

I gCaibidil a hAon thagair mé do chineál athraitheach eagraíochtaí na seirbhíse poiblí. Ag cuimhneamh ar an athrú sin, an bhfuil gá le ráiteas níos soiléire faoi na luachanna is ceart don Stát a chaomhnú agus ar ceart dó meas a léiriú orthu ina dhéileálacha le saoránaigh? Dhéanfainn idirdhealú ansin idir, ar thaobh amháin, na luachanna a mbítear ag súil go bhfuil siad ag seirbhísigh phoiblí aonair agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu mar ionracas, macántacht, seachaint coinbhleachtaí leasa, freagracht, cothroime, oscailteacht agus éifeachtúlacht agus, ar an taobh eile, na croíluachanna atá mar bhonn den tslí inar ceart dóibh déileáil le saoránaigh. Dhéanfainn idirdhealú chomh maith idir na croíluachanna sin agus prionsabail na seirbhíse cáilíochta do chustaiméirí atá leagtha amach sa Treoir Phraiticiúil d'Fhorbairt Pleananna Gníomhaíochta na Seirbhíse Cáilíochta do Chustaiméirí a fógraíodh faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí.

Go hachomair, ní mór prionsabail sheanbhunaithe an dlí riaracháin dá ndearna mé tagairt ní ba thúisce a fheiceáil mar chaoi le críoch a bhaint amach agus ní mar chríoch iontu féin. Tá sé éirithe soiléir dom - agus chuir mé béim air sin sa tuarascáil uaim le déanaí ar Dheontais Tí Altranais - gur minic a ligeann comhlachtaí poiblí i ndearmad toradh deiridh roinnt mhaith gníomhaíochtaí dá gcuid, go fiú gníomhaíochtaí a thionscnaítear le dea-rún. Léiríonn na deontais tithíochta do dhaoine le míchumais dá dtagraítear níos túisce sa chaibidil seo an pointe sin chomh maith.

Táim ag súil leis na coincheapanna sin a fhorbairt trí thagairt do chásanna amach anseo mar go bhfeictear dom gurbh fhiú go mór é iarracht a dhéanamh cabhrú le comhlachtaí poiblí cur chuige atá bunaithe níos mó ar luachanna a ghlacadh nuair atá siad ag plé le daoine, anois agus cur chuige ceart daonna don soláthar seirbhíse ag éirí riachtanach. Tá na cúig chroíluach d'uathriail, dínit, meas, stádas agus slándáil a luaigh mé thuas idirnasctha. Ach is léir dom go bhfuil tábhacht ar leith ag luachanna mar uathriail, dínit agus meas i gcás grúpaí mar dhaoine scothaosta agus daoine le míchumais ar ceart dearbhú a thabhairt dóibh gur ionann a bhfiúntas féin agus fiúntas daoine eile den tsochaí. Beidh stádas - arb é is brí leis anseo ná suíomh nó seasamh duine inár sochaí - tábhachtach do ghrúpaí forimeallaithe nach bhfuil in ann ról gníomhach a ghlacadh chun tionchar a imirt ar a dtodhchaí féin. Tá slándáil - arb éard atá ann ná cosaint in aghaidh athraithe dhamáistithe gan údarás - mar bhunús le cuid mhaith

gníomhartha a dhéanann an Stát ar thóir an ruda atá chun leas an phobail, dar leis, ach a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar dhaoine aonair ar leith. Tá tagairt déanta agam níos túisce sa tuarascáil faoi na hábhair imní atá agam sa réimse pleanála. Arís, ní mór dom a threisiú nach ionann na luachanna sin agus cearta. Tá sé i gceist go gcuirfidí meán ar fáil chun díriú ar thionchar cinntí ar dhaoine aonair, ach go háirithe nuair is drochthoradh é an tionchar sin.

Cuid thábhachtach de mo ról mar Ombudsman is ea eilimint dhaonna a thabhairt isteach sa chaidreamh idir an Stát agus a shaoránaigh. Déanaim iarracht a chinntiú go gcuirtear an dlí i bhfeidhm go ceart ach déanaim iarracht chomh maith léirmhíniú ródhocht ar an dlí a mhaolú nuair a éilíonn cothromas é sin agus dírím aird ar lochtanna sa dlí a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar theidlíochtaí daoine. Léiríonn cuid mhaith de na cásanna a leanann an chaoi a bhfuil drochthionchar imeartha ar dhaoine ag feidhmiú earráideach nó garbh an dlí nuair a bheadh an éagóir seachanta le cur chuige bunaithe ar luachanna.

Fonótaí

1. *N. McCormick "Jurisprudence and the Constitution" [1983].*
2. *Dawn Oliver "The Underlying Values of Public and Private Law" i Michael Taggart (ed.) "The Province of Administrative Law" [1997].*

Sa chás seo a leanas ghlac an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe léirmhíniú ródhocht ar an Scéim Luathscoir ó Fheirmeoireacht ag iarraidh údar a thabhairt do chinneadh i dtaca le hiarratas ar phinsean a dhiúltú.

Fuair mé gearán ó bhean ar chuir a fear céile iarratas isteach faoin Scéim Luathscoir ó Fheirmeoireacht ar lá a bháis. Is coinníoll den scéim é má fhaigheann pinsinéir atá ag fáil Pinsean Luathscoir bás, gur féidir fuílleach an phinsin a íoc leis an gcéile agus/nó na cleithiúnaithe, faoi réir ag critéir áirithe. I dtosach, dhiúltaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe an t-iarratas ar an mbonn go raibh sé neamhiomlán ar an dáta a cuireadh isteach é. Sa chás seo, ghlac an Roinn an dearcadh nach bhféadfaí iarratas a mheas mar iarratas bailí agus é a cheadú ach amháin dá mbeadh an doiciméadú riachtanach go léir ag gabháil leis. Sa chás seo, bhí roinnt doiciméadaithe riachtanaigh ar iarraidh ón iarratas.

Thuig mé, ó ghearáin eile a scrúdú, go nglacadh an Roinn le hiarratais neamhiomlána de ghnáth agus gur rud rialta é go n-iarrfaidís an doiciméadú amuigh i ndiaidh d'iarratas a bheith curtha isteach. Nuair a bheadh an doiciméadú go léir a bhí ar iarraidh seiceáilte ag an Roinn, mheastaí an t-iarratas sin a bheith bailí. Ag cuimhneamh air sin, chuir mé comhairle ar an Roinn go raibh an staid a bhí á glacadh aici sa chás seo thar a bheith docht. Lorg sí comhairle dlí ó Oifig an Ard-Aighne ansin. Thug an tArd-Aighne (AA) le fios go bhféadfaí íocaíocht a dhéanamh sa chás seo ar an mbonn go raibh an t-iarratas iomlán go maith ag tráth bhás an iarrthóra agus gur sholáthair an scéim d'íocaíocht a dhéanamh lena baintreach fad a chomhlíon sí critéir áirithe. Thug an AA le fios chomh maith go raibh an ceart ag an Roinn déileáil le himthosca ar leith an cháis mar imthosca eisceachtúla. Bhraith an Roinn, áfach, dá nglacfaí leis an gcomhairle sin go mbeifí ag scor óna cleachtas caighdeánach agus ó choinníollacha na scéime. Rinne sí teagmháil le Coimisiún na hEorpa ansin agus chuir siadsan comhairle ar an Roinn dá ndéanfadh sí an cinneadh a

athbhreithniú agus dá gceadódh sí an t-iarratas mar chás eisceachtúil nach mbeadh sí ag feidhmiú ar bhealach a bheadh neamh-chomhoiriúnach le Rialacháin an AE a rialaíonn an scéim. Mar thoradh air sin, fuair an t-iarratasóir a pinsean ar deireadh, pinsean de £618 (€784.70) in aghaidh na míosa agus riaráiste a raibh £15,871 (€20,152.01) san iomlán ann.

Ní mór, mar riachtanas, rialacha a bheith ag na scéimeanna atá ceaptha chun tairbhí a sholáthar a shoiléiríonn teidlíocht agus a chinntíonn cothroime. Táim i ndiaidh a bheith cáinteach faoi chomhlachtaí poiblí a chuireann rialacha i bhfeidhm ar mhodh chomh docht sin go ndéantar na daoine sin a raibh an tairbhe le dul chucu ó thús a eisiamh. Sa chomhthéacs sin, creidim go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna go n-aibhsítear na cásanna sin ina bhfuil cur chuige tuisceanach agus solúbtha glactha ag comhlacht poiblí óna bhfuil toradh sásúil faighte ar ghearán. Cás dá leithéid is ea an cás seo a leanas ina raibh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim páirteach.

Bhain an gearán leis an scéim a fheidhmíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ina bhfuil faoiseamh cánach le fáil ar fheithicil a fhaightear chun daoine le míchumais a iompar. Sa chás seo, ceadaíodh faoiseamh cánach iomlán do thuismitheoirí altrama cailín a bhí faoi ollbhac meabhrach agus fisiceach i dtaca le mótarfheithicil a bhí curtha in oiriúint chun freastal ar riachtanais iompair a bpáiste altrama. Bhí cúram faoisimh don pháiste altrama á sholáthar ag duine eile a chuir isteach ar fhaoiseamh cánach chomh maith i dtaca le feithicil a cheannaigh sí chun an cailín a iompar nuair a bhí sí faoina cúram. Diúltaíodh an t-iarratas sin ar an mbonn gur riachtanas den scéim é gur ball den teaghlach a chónaíonn le agus atá freagrach as an duine leis an míchumas a iompar a bheadh sa duine a gheobhadh an faoiseamh cánach.

D'iarr mé ar na Coimisinéirí Ioncaim an cás a athbhreithniú. Tháinig siad ar an gconclúid go raibh an cinneadh maidir leis an bhfaoiseamh cánach a dhiúltú ceart ach, de bharr imthosca ar leith an cháis, go gceadóidís an faoiseamh cánach a lorgaíodh ar bhonn aonuaire fad a ghlac na tuismitheoirí altrama orthu féin nach ndéanfaidís éileamh breise faoin scéim ar feadh dhá bhliain i ndiaidh don fhaoiseamh a bheith ceadaithe i dtaca le feithicil an chúramóra faoisimh. Ghlac an dá pháirtí leis an mbeart sin agus fuair an cúramóir faoisimh aisíocíocht de £2,048 (€2,600.42) i dtaca le Cáin Bhreisluacha agus Cáin Clárúcháin Feithiclí ar an bhfeithicil a cheannaigh sí.

Cé go mb'fhéidir go mbeadh cinneadh a dhéanann comhlacht poiblí de réir théarmaí na scéime cuí go docht, d'fhéadfaí é a cheistiú, mar sin féin, dá dtiocfadh éagothromas chun solais ag cuimhneamh ar na himthosca indibhidiúla. Tháinig sé sin chun solais sa ghearán seo a leanas in aghaidh na Roinne Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh.

Bhí ar fhear luathscor den obair in Iúil 1993 de dheasca easláinte. Níorbh é galar Alzheimer an diagnóis a bhí tugtha ag an tráth áirithe sin. Ina dhálaí ar leith bheadh sé i dteideal Sochair Míchumais (SM) nó Pinsin Easláinteachta (PE) ag an tráth nuair a cuireadh air luathscor dá obair. Ní raibh a fhios aige go raibh sé i dteideal na sochar sin agus, mar sin, ní dhearna sé aon éileamh ag an am. I mBealtaine 1994, spreagadh a bhean le fiosruithe a dhéanamh ag an Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh áitiúil mar gheall ar phinsean gairme a fir céile a bhí beag go maith. Cuireadh comhairle uirthi iarratas a dhéanamh thar ceann a fir céile ar SM agus íocadh riaráiste sé mhí le héifeacht ó Shamhain 1993. Dhiúltaigh an Roinn riaráiste níos mó ná sé mhí a íoc ar an mbonn gur choisc an reachtaíocht chuí é sin - cuma cén fáth a raibh an t-éileamh déanach. I Samhain 1994 aistríodh go PE é, íocaíocht fadtéarma atá níos airde ná an ráta SM agus atá iníoctha leo sin nach bhfuil in ann filleadh ar an líon saothair de dheasca breoiteachta nó neamhábaltachta.

Ceist a ardaíodh ná ar ceart don Roinn, agus í ag scrúdú éilimh dhéanacha ar SM, na prionsapail agus loighic chéanna a chur i bhfeidhm mar a chuirtear i bhfeidhm ar éilimh dhéanacha ar phinsin ranníocaíocha leasa shóisialta.

Bhí an teip i dtaca leis an bpinsean a éileamh inchurtha i leith breoiteachta agus neamhábaltachta an fhir seo maidir lena ghnóthaí a rialú. D'fhéadfadh an Roinn ansin úsáid a bhaint as socrú seachreachtúil chun riaráiste iomlán pinsin a íoc. Tá an socrú sin curtha ar bhonn foirmiúil sa reachtaíocht ó shin.

Ghlac an Roinn leis nach raibh an fear in ann a ghnóthaí féin a rialú ach mheas siad toisc go raibh sé ina oibrí faoi árachas ar feadh cuid mhaith blianta go raibh sé réasúnta a bheith ag súil go mbeadh a bhean i ndiaidh déileáil lena theidlíochtaí leasa shóisialta thar a cheann. Níor ghlac mé leis an argóint sin, go háirithe nuair a bhí an brú breise ar a bhean chéile déileáil lena fear céile a bhí ag fulaingt agus galar Alzheimer ag teacht air. Mheas mé cé gur glacadh gníomhartha na Roinne sa chás seo leis an údarás ceart, gurb é an toradh a bhí air ná nár cuireadh san áireamh imthosca ar leith an ghearánaí.

Mar go raibh an chuma air nach raibh an Roinn toilteanach géilleadh chuir mé in iúl di go raibh sé beartaithe agam tús a chur le himscrúdú.

Mar fhreagra, ghlac an Roinn leis gur cheart go mbeadh sé soiléir ón bhfianaise míochaine agus ón gcomhfhreagras a bhí ar fáil ag an am gur dócha go mbeadh sé i dteideal PE láithreach, a d'fhéadfaí a shiardhátú thar an tréimhse sé mhí de réir an tsocraithe sheachreachtúil. Dá ndéileálfaí leis an éileamh seo ar an mbealach sin bheadh teidlíocht do PE ann agus d'fhéadfaí riaráiste a íoc leis le héifeacht ó thosach a bhreoiteachta agus ón scor riachtanais dá fhostaíocht. Dá réir sin, thug an Roinn PE dó le héifeacht ó thosach a bhreoiteachta agus íocadh riaráiste de £1,435 (€1,822.07) leis. Rinneadh íocaíocht bhreise de £108 (€137.13) i dtaca le cúiteamh ar chaillteanas chumhacht ceannaigh an riaráiste. D'eisigh an Roinn leithscéal chuig bean chéile an fhir chomh maith.

Toradh dearfach breise den chás ná gur ghlac an Roinn leis gur cheart go mbeadh socruithe d'íocaíochtaí riaráiste dá leithéidí leagtha amach go soiléir sa reachtaíocht ionas gur féidir iad a thuiscint go soiléir. Bhí sé áitithe ag an Roinn roimhe sin nár thug a taithí le fios go raibh gá le reachtaíocht chun déileáil le héilimh dhéanacha ar SM nó PE. D'fháiltigh mé roimh ghealltanas na Roinne chun reachtaíocht nua a thabhairt isteach chun déileáil leis na fadhbanna a bhí ann sa chás seo. Is ceart go gcabhródh sé chun a chinntiú go measfar éilimh na ndaoine sin a dhéanann éilimh dhéanacha ar SM nó PE, mar thoradh ar neamhábaltacht infhíoraithe nó *force majeure*, ó dháta tosaithe a mbreoiteachta nó gortaithe.

Sa chás seo a leanas theip ar an Oifig Luachála spriocdháta reachtúil a chomhlíonadh chun cinneadh ar luacháil ónar eascair caillteanas airgeadais d'úinéirí áitribh. D'aontaigh sí ina dhiaidh sin gur thuill imthosca an cháis cúiteamh airgeadais.

Rinne Bainisteoir Forbartha Ionad Eolais do Shaoránaigh (IES) gearán go raibh a údarás áitiúil ag éileamh rátaí iomlána tráchtála dá áitreabh. Ba cheart go mbeadh díolúine ó rátaí aige i ngeall ar an úsáid a bhí á baint as an áitreabh.

Sa scrúdú a rinne mé ar an ngearán taispeánadh gur eascair an deacracht ón luacháil a chuir an Oifig Luachála (OL) ar an áitreabh. Ní raibh an dhiscréid ag an údaras áitiúil rátaí a tharscaoileadh nuair a bhí an t-áitreabh luacháilte ar bhonn húsáide roimh ré mar theach tábhairne agus oifigí coimhdeacha. Nuair a cheistigh mé an OL, mhínigh sí go raibh iarratas faighte aici ar 11 Bealtaine 1998 ar athbhreithniú ar an luacháil curtha ar an áitreabh. Soláthraíonn Alt 3(3) den Acht Luachála, 1988 go "[g]cuirfidh an Coimisinéir Luachála faoi deara go ndéanfar, i gcás gach iarratais a dhéanfar chuige faoi fho-alt (1) den alt seo, cinneadh maidir leis laistigh de shé mhí tar éis an t-iarratas a fháil nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin agus eiseoidh sé a luaithe is féidir liosta de na cinntí a bheidh déanta sa ráithe dar tús dáta thosach feidhme an ailt seo nó in aon ráithe dá éis sin, laistigh de dheich lá tar éis dheireadh na ráithe sin."

Chun déanamh de réir na spriocdhátaí reachtúla sin, bheadh gá leis an iarratas ar athluacháil a phróiseáil agus a eisiúint ar nó roimh 10 Samhain 1998. Ar an drochuair, de dheasca

conspóide tionsclaíche den chuid is mó a raibh drochthionchar aici ar aschur na hOifige Luachála i 1988, níor próiseáladh an t-iarratas in am chun go mbeadh éifeacht aige i 1999. Rinneadh cigireacht ar an maoin le linn 1999 agus cuireadh sna liostaí luachála athbhreithnithe don údarás áitiúil í ar 10 Samhain 1999. Thosaigh an díolúine ó rátaí don áitreabh ar 1 Eanáir 2000. Fuarthas an t-iarratas bunaidh ar athbhreithniú i mBealtaine 1998, áfach, agus dá ndéanfaí é a phróiseáil de réir an Achta Luachála, 1988, d'fhéadfadh an t-áitreabh leas a bhaint as díolúine ó 1 Eanáir 1999. Chuir an OL a haiféala in iúl nach raibh sé in ann an cás a phróiseáil i 1998 agus thairg sí íocaíocht *ex gratia* de £2,258 (€2,867.07) a dhéanamh le IES i leith an fhiachais rátaí i 1999.

Bhraith mé gur ghníomhaigh an OL go réasúnta trí fhreagracht a ghlacadh agus an íocaíocht *ex gratia* a dhéanamh. Bhí an tairiscint inghlactha don ghearánaí chomh maith.

Sa chás seo, theip ar Bhord Sláinte an Oirdheiscirt iarratasóir ar dheontas tí altranais a chur ar an eolas faoin rogha reachtúil atá ag an bPríomhfheidhmeannach agus iarratais dá leithéidí á meas. Ina theannta sin, lean sé nósanna imeachta éagothroma agus neamhleora agus an t-iarratas á mheas.

Go ginearálta, ní mór iarratais ar dheontas a dhéanamh sula dtéann an duine chun cónaithe i dteach altranais. Mura ndéantar é sin, ní féidir le duine iarratas a chur isteach ar dheontas laistigh de dhá bhliain ón dáta iontrála. Tá dhá eisceacht don riail sin ann. Is í an chéad eisceacht ná nuair a bhaineann an Príomhfheidhmeannach leas as discréid glacadh le hiarratas. Is í an dara heisceacht ná nuair atá an bord sláinte sásta go raibh gá leis an duine a ligean isteach mar chás éigeandála, agus nach raibh aon rogha ag an teach altranais ach an duine a ligean isteach ag an am.

Dúirt an gearánaí go raibh a hathair i ndiaidh iontráil i dteach altranais sula ndearnadh an t-iarratas. Dhiúltaigh Bord Sláinte an Oirdheiscirt an t-iarratas gan comhairle a chur ar an iarratasóir faoin dhiscréid a dhílsítear don Phríomhfheidhmeannach. Ina theannta sin, dhiúltaigh an Bord glacadh le fianaise míochaine a thacaigh leis an éileamh gur ligeadh an fear isteach faoi imthosca éigeandála.

Bhí gá ag athair an ghearánaí, a bhí 81 bhliain d'aois agus ina chónaí léi, le tréimhse ghairid cúraim i gceann d'ospidéil an Bhoird. Sular scaoileadh amach é, thug a lia comhairleach le fios go gcaithfí é a chur isteach i dteach altranais mar nach mbeadh a iníon in ann an cúram altranais riachtanach a sholáthar.

Rinne sí iarratas don Bhord níos faide anonn ar dheontas tí altranais thar ceann a hathar agus mhínigh sí imthosca a iontrála sa teach altranais. Dúirt sí gur chabhraigh ball foirne léi, ar lá a scaoilte ón oispidéal, chun socruithe a dhéanamh dá iontráil sa teach altranais. Is ag an gcéim sin a fuair sí amach faoin deontas. Níor chuir sí isteach air láithreach mar gur cheap sí nach mbeadh a hathair sa teach altranais ach ar feadh roinnt seachtainí. Chuaigh a riocht in olcas, áfach, agus d'fhan sé sa teach altranais go bás, trí mhí ina dhiaidh sin.

Dhiúltaigh an Bord an t-iarratas ar dheontas, agus achomharc iardain, ar an gcuntar go raibh sé ligthe isteach sa teach altranais roimh an dáta ar a bhfuarthas an t-iarratas. D'iarr an gearánaí go measfaí an t-iarratas mar iontráil i dteach altranais faoi imthosca éigeandála. Dhiúltaigh an tOifigeach Achomharc é sin, ag lua nár iontráil éigeandála í mar go raibh an fear i ndiaidh a bheith ina othar cónaitheach san ospidéal sular scaoileadh isteach sa teach altranais é.

Sholáthair an dochtúir teaghlaigh fianaise tacaíochta breise. Dhiúltaigh an tOifigeach Achomharc an t-iarratas arís, áfach, ag athlua na gcúiseanna bunaidh don diúltú.

D'fhiafraigh mé den Bhord an raibh athrú bunúsach ina riocht i ndiaidh a iontrála sa teach altranais a chuirfeadh air a bheith chomh spleách sin go dteastódh cúram i dteach altranais uaidh. D'fhiafraigh mé den Bhord chomh maith an mbainfeadh sé leas as a dhiscréid, in imthosca dá leithéidí, an srianadh dhá bhliain ar iarratas ar dheontas a dhéanamh a tharscaoileadh.

Dhiúltaigh an Bord don chur chuige sin, ag lua go dtiocfadh athruithe ar riocht míochaine aon othair i dteach altranais thar thréimhse dhá bhliain. D'áitigh sé dá mbronnfaí deontais ar dhaoine a bhí tagtha chun bheith ina n-othair i dtithe altranais sular lorg siad ceadú, ar an gcuntar go raibh a sláinte dulta in olcas ina dhiaidh sin, go gciallódh sé sin go gcaithfí glacadh le gach cás, nach mór, mar go bhféadfadh formhór na n-iarratasóirí dá leithéidí an cás a dhéanamh ar na cúinsí sin.

I dtuairisc iardain a sholáthair lia comhairleach a hathar dúradh:

"...scaoileamar bhur n-athair ón ospidéal ar an gcuntar nach raibh sé ag dul ach go Teach Altranais. Ag cuimhneamh ar a riocht forioml*n an tr*th a raibh sé san ospidéal linn ní dóigh liom go bhféadfaimis é a scaoileadh nó a aistriú ach amh*in le haghaidh cúraim i dTeach Altranais ... Bheadh sé dodhéanta duit an cúram sin a sholáthar leat féin agus bheadh gá aige le cúram altranais gairmiúil i dTeach Altranais."

D'iarr mé go n-athbhreithneodh an Bord an cás ag cuimhneamh ar an tuairisc sin. D'fhiafraigh mé an rabhthas i ndiaidh an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin dhiscréid a dhílsítear don Phríomhfheidhmeannach i dtaca le glacadh le hiarratais dhéanacha, agus mura rabhthas, cén fáth nach ndearnadh amhlaidh.

D'fhreagair an Bord nár thug an tuairisc ón lia comhairleach údar ceart le hathrú sa chinneadh. Luaigh sé cé nach rabhthas i ndiaidh an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin dhiscréid a dhílsítear don Phríomhfheidhmeannach, go raibh an gnó measta aige sa chomhthéacs sin, ach gur bheartaigh sé nach raibh sé oiriúnach úsáid a bhaint as an dhiscréid sa chás áirithe seo. Ina theannta sin, níor mheas an Bord gur ligeadh an t-othar isteach faoi imthosca éigeandála.

Bhí mé sásta go raibh fianaise *prima facie* de mhíriaradh ann ar an gcuntar:

- gur dhiúltaigh an Bord an t-iarratas gan comhairle a chur ar an iarratasóir faoin dhiscréid a dhílsítear don Phríomhfheidhmeannach;
- gur dhealraigh sé gur thug an Bord míthreoir dó féin i dtaca leis an dhiscréid;
- gur theip ar an mBord doiciméadú dóthanach de na cúiseanna leis na cinntiú a choinneáil;
- gur dhiúltaigh an Bord, gan chúiseanna, glacadh le fianaise míochaine a thacaigh leis an éileamh gur ligeadh an duine isteach faoi imthosca éigeandála; agus
- gur dhealraigh sé nach raibh gnásanna achomharc dóthanacha ag an mBord.

Bunaithe ar mo chonclúidí rinne an tOifigeach Achomharc an cás a athbhreithniú. Tháinig sí ar an gconclúid go bhféadfadh sé nach raibh an cinneadh maidir leis an iarratas faoi imthosca éigeandála a dhiúltú ceart ar an gcuntar gur thug an litir mhínithe le fios go raibh an t-ospidéal ag scaoileadh an othair amach chuig a bhaile féin nó chuig teach altranais, agus ar an gcaoi sin ag cur d'iallach ar a iníon cinneadh a dhéanamh. Faoi imthosca dá leithéidí, mheas sí go raibh gníomhartha an ospidéil, ceann d'institiúidí an Bhoird, i ndiaidh cur leis an gcinneadh athair an ghearánaí a chur sa teach altranais.

Ina theannta sin, dúirt an tOifigeach Achomharc gur ghlac sí leis nuair a measadh an cás i dtosach go raibh an teach altranais ar an eolas faoin ngá le hiarratas roimh ré, ach ghéill sí ina dhiaidh sin go bhféadfadh sé nár sholáthair sé an t-eolas sin don ghearánaí. Bhí sí sásta gur thug an fhianaise a bhí curtha faoina bráid anois le fios go raibh athair an ghearánaí i ngátar cúraim tí altranais agus mhol sí go nglacfaí leis an iarratas le híocaíocht le héifeacht ó dháta an iarratais.

I ndiaidh conspóid eile a réiteach i dtaca le measúnú ar acmhainn teaghlaigh, rinneadh íocaíocht le héifeacht ó dháta

an iarratais agus ríomhadh an méid a bhí i gceist, bunaithe ar an deontas iomlán ag an uasráta spleáchais, ag £1,646 (€2,089.99).

Ní raibh mé sásta go raibh na gnásanna a d'úsáid an Bord i dtaca le hiarratais dóthanach, nó nach dtarlódh cás comhchosúil arís. Aithním, áfach, gur lú an dóchúlacht go dtarlóidh sé sin arís ag cuimhneamh ar na gnásanna feabhsaithe ar ghlac an Príomhfheidhmeannach air iad a chur i bhfeidhm. Threoraigh sé go gcuirfí aon duine a bhí míshásta le cinneadh an Bhoird ar dheontas ar an eolas faoin gceart achomharc a dhéanamh leis. Dhearbhaigh sé chomh maith go spreagfadh sé, go ginearálta, oifigigh an Bhoird le sochar an amhrais a thabhairt don iarratasóir i gcásanna léirmhínithe theorannaigh na Rialachán.

Sa ghearán seo a leanas in aghaidh Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas bheadh léirmhíniú mícheart ar chritéir intofachta faoin Scéim Cheannaigh reachtúil le haghaidh Tionóntaí, murach an idirghabháil a rinne mé, i ndiaidh mórthionchar dochrach a imirt ar an ngearánaí.

Nuair atá tionchar dochrach imeartha ar dhuine ag gníomhartha mícheart comhlachta, is ceart gach ní is féidir a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirtear an duine ar ais sa suíomh ina mbeadh sé/sí mura mbeadh an gníomh mícheart i ndiaidh tarlú. Bhí an prionsabal sin bainteach le cás inar dhiúltaigh Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas ligean do bhean a teach a cheannach nuair a chuir sí isteach air faoi Scéim Cheannaigh 1995 le haghaidh Tionóntaí. Níor diúltaíodh go foirmiúil í ach dúradh léi thar an nguthán nach bhféadfadh a hiarratas dul ar aghaidh mar go raibh sí, dar leo, ina cónaí i gcineál tí nach raibh intofa le díol faoi théarmaí na scéime.

Chruthaigh mé go raibh an Chomhairle mícheart ag rá go raibh bac uirthi an teach a dhíol leis an mbean faoin scéim agus i ndiaidh na hidirghabhála a rinne mé d'aontaigh sí ar ligean don bhean an teach a cheannach. Tháinig an bhean chugam arís, áfach, tamall ina dhiaidh sin chun a rá go raibh an Chomhairle i ndiaidh an teach a ofráil di ar phraghas 1998 in áit phraghas 1995. Bhraith sí go raibh sé sin éagóir mar go raibh luach an tí dulta i méid go mór ó 1995, agus nach uirthi a bhí an locht go raibh moill ann.

D'áitigh an Chomhairle gur mhór an dóchúlacht nach mbeadh cead aici an teach a cheannach i 1995 go fiú dá nglacfaí lena hiarratas, ar chúiseanna airgeadais agus eile. Rinne an Chomhairle an pointe chomh maith nár lean an bhean dá hiarratas ó 1995 i leith agus gur amhlaidh gur chuir sí isteach ar théamh lárnach a shuiteáil agus síneadh a chur leis an teach. Bhraith an Chomhairle gur thaispeáin sé sin go raibh suim caillte aici sa teach a cheannach.

Scrúdaigh mé an gnó agus rinne mé na pointí seo a leanas don Chomhairle:

- cuireadh comhairle mhícheart ar an ngearánaí ón tús go raibh an teach inar chónaigh sí neamh-intofa le háireamh i Scéim Cheannaigh 1995 le haghaidh Tionóntaí. Cé nach bhfuair sí cinneadh foirmiúil sa ghnó sin, ghlac an Chomhairle leis gur cuireadh comhairle mhícheart uirthi ag an am;

- mar gheall ar an ngníomh mícheart i 1995, ní dhearnadh aon scrúdú ceart ar a dálaí, ina n-áirítear cumas chun íoc as an teach, ag an am;

- d'fhéadfadh a teaghlach cabhrú léi ó thaobh airgid dá mbeadh deacrachtaí aici le haisíocaíochtaí;

- cé gur áitigh an Chomhairle nár lean sí dá hiarratas i ndiaidh 1995 dúirt sí gurb éard a bhí in eilimint mhór dá hiarratas ar shíneadh a chur leis an teach i 1996 ná go n-athródh síneadh dá leithéid aicmiúchán an tí agus go gcuirfí ar a cumas an teach a cheannach. Dá ndéanfaí an cinneadh ceart i dtosach, ní dócha go mbeadh ceist an tsínte tagtha chun solais.

Ag cuimhneamh nár scrúdaigh an Chomhairle a iarratas i gceart ag an tráth cuí, mheas mé gur ceart sochar an amhrais a thabhairt di i dtaca lena cumas cáiliú ar chúinsí ioncaim. Ina dhiaidh sin agus uile rinne Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas mór-earráidí riaracháin agus í ag láimhsiú iarratas an ghearánaí.

Rinne an Chomhairle an gnó a athmheas agus d'aontaigh ar an teach a dhíol léi ar phraghas 1995.

Sa chás seo a leanas d'fhéadfadh feidhmiú mícheart rialachán a rialaíonn íocaíocht Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas ag Comhairle Cheantair Uirbigh Dhún Dealgan, go bhfágfaí an gearánaí i riocht caillteanas airgeadais.

Rinne an gearánaí iarratas le Comhairle Cheantair Uirbigh Dhún Dealgan ar Dheontas do Dhaoine faoi Mhíchumas chun cóiríocht urláir talún a sholáthar dá fear céile scothaosta maolghluaiste. Agus an gearán á scrúdú tháinig sé chun solais gur lorg an Chomhairle, thar thréimhse trí bliana, roinnt meastachán le haghaidh na n-oibreacha riachtanach ach, toisc gur sháraigh na meastacháin a fuarthas an t-uasdeontas iníoctha, go raibh gannchion mór ann a chaithfí a réiteach ó fhoinsí eile. Bhraith an Chomhairle nach mbeadh an gearánaí sa suíomh ceart chun an gannchion sin a mhaoiniú agus, sna dálaí sin, ní dhearna an Chomhairle a hiarratas ar dheontas a phróiseáil níos mó.

Dúirt an Chomhairle chomh maith gurb éard a bhí i gcóiríocht láithreach an ghearánaí ná teach sraithe dhá stór trí sheomra codlata leis na seomraí agus an seomra folctha thuas staighre. Luaigh an Chomhairle go rabhthas i ndiaidh aistriú chuig teach dhá sheomra codlata i stíl bungaló leis na saoráidí go léir ag leibhéal urlár na talún a thairiscint don ghearánaí cheana féin agus gur dhiúltaigh sí glacadh leis an aistriú.
I ndiaidh dom an gnó a bhreithniú go mion dhírigh mé aird na Comhairle ar Alt 4(2)(a) de na Rialacháin Tithíochta (Deontais le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas agus le haghaidh Deisiúchán Riachtanais), 1993 (I.R. Uimh. 262 de 1993) a fhorálann:

> *"Ní rachaidh deontas faoin alt seo thar - (a)* ***costas ceadaithe na n-oibreacha i gcás tí ar ligean ag údarás áitiúil*** *de bhun aon fheidhmeanna dá chuid faoi na hAchtanna Tithíochta, 1966 go 1992."*

Bhí an teach ar cíos ag an ngearánaí ón gComhairle. Ní raibh sé ar úinéireacht aici agus thuig an Chomhairle é sin. Mar sin, d'fhoráil na Rialacháin go bhféadfadh an Chomhairle deontas suas le costais cheadaithe na n-oibreacha a íoc. Sa chás seo, £17,000 (€21,585.55) a bhí i gcostas ceadaithe na n-oibreacha. Ghlac mé an dearcadh nár cheart don Chomhairle cion tairbhe a lorg ón ngearánaí i leith chostas an tionscadail ar an mbonn go raibh an teach ar úinéireacht ag an gComhairle, agus ní ag an ngearánaí.

Maidir leis an moladh go mbainfeadh an gearánaí agus a fear céile leas as aistriú tí, thug mé faoi deara go raibh, thar na blianta, córas tacaíochta sóisialta cothaithe acu agus, dá réir sin, ní bheinn ag súil go n-aistreoidís teach, in aghaidh a dtola, ag an gcéim seo ina saol. Dá réir sin, d'iarr mé ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil maidir leis an gcaoi a bhféadfadh sí an gannchion sa chistiú deontais a bhí ar fáil a mhaoiniú.

I ndiaidh don Chomhairle athmheas a dhéanamh ar an ngnó, níor mheas sí gur ghá an gnó a atreorú chuig an Roinn. Ina áit sin, fuair sí tairiscintí breise chun an síneadh a bhí ag teastáil a dhéanamh agus críochnaíodh an tionscadal. Mhaoinigh an Chomhairle é ón deontas agus óna hacmhainní airgeadais féin.

Sa chás seo a leanas d'áitigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh nach raibh aon chumhacht reachtúil aici doiciméid phleanála áirithe a chur ar fáil le ceannach ag an bpobal. D'áitigh mise nach raibh cosc air sin agus gur thug imlitir Roinne agus cleachtas dea-riaracháin le fios gur ceart na doiciméid a chur ar fáil.

Dhiúltaigh an Chomhairle cóipeanna a chur ar fáil, le ceannach, de thuarascáil pleanálaí agus doiciméadú eile ó chomhad pleanála. Rinne an gearánaí amach go raibh sé sin in aghaidh mholtaí na Roinne Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil go gcuirfí doiciméadú dá leithéid ar fáil.

Dúirt an Chomhairle nach bhfuil aon fhoráil reachtúil ann a chuireann ar údarás áitiúil cóipeanna d'aon doiciméadú seachas Ráiteas faoin Tionchar ar an gComhshaol (RTC), cóip de chead pleanála agus na coinníollacha a ghabhann leis, a chur ar fáil do dhuine den phobal. Rinne an Chomhairle amach nár threoraigh imlitir ón Roinn di polasaí a ghlacadh chun an suíomh reachtúil a fhorlíonadh.

I ndiaidh dom freagra na Comhairle a mheas, chuir mé in iúl go raibh an imlitir eisithe ag an Roinn i ndiaidh gur chríochnaigh m'Oifig imscrúdú oifigiúil ar ghearán i 1995. Ag an tráth sin, mheas mé gur tháinig an diúltú do dhoiciméadú pleanála, le ceannach, a chur ar fáil salach ar thiomáint ghinearálta na n-achtanna agus rialachán pleanála atá foirmithe ar bhealach chun lán-rannpháirtíocht ó dhaoine den phobal a cheadú i gcinntí a bhaineann le pleanáil agus forbairt cheart a gceantar áitiúil féin. In imlitir na Roinne iarradh ar údaráis áitiúla "socruithe a chur i bhfeidhm a chuirfidh cóipeanna d'aon doiciméad, ina iomláine nó cuid de, a bhaineann le hiarratas ar phleanáil, seachas plean nó líníocht eile nó grianghraf, ar fáil le ceannach."

Mhínigh mé nach bhfuil aon fhoráil reachtúil ann faoi láthair a chuireann ar údarás áitiúil cóipeanna d'aon doiciméadú nach RTC, cóip de chead pleanála agus na coinníollacha a ghabhann leis, a chur ar fáil do dhuine den phobal. Ar an taobh eile, thug mé le fios nach bhfuil ann d'aon fhoráil reachtúil a choisceann ar údarás áitiúil an doiciméadú bainteach a chur ar fáil.

Chuir mé an Chomhairle ar an eolas faoi mo thuairimí agus d'iarr mé uirthi go gcuirfí socruithe i bhfeidhm chun déanamh de réir théarmaí imlitir na Roinne. I ndiaidh mo mholta thoiligh an Chomhairle na doiciméid a iarradh a chur chuig an ngearánaí.

DROCHTHIONCHAR A i
CUID MHAITH DE NA
DROCHTHIONCHAR IM
EARRÁIDEACH NÓ GAR
SEACHANTA LE CUR

MIRT AR THEIDLÍOCHTAÍ DAOINE, LÉIRÍONN
CÁSANNA A LEANANN AN CHAOI A BHFUIL
EARTHA AR DHAOINE AG FEIDHMIÚ
BH AN DLÍ NUAIR A BHEADH AN ÉAGÓIR
HUIGE BUNAITHE AR LUACHANNA.

CABHRÚ CHUN SEIRBHÍS PHOIBLÍ ATÁ OSCAILTE COTHROM AGUS FREAGRACH A BHAINT AMACH

Caibidil 4

Cásanna Roghnaithe

Cásanna Roghnaithe

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Soláthar Tionlacan do Dhaltaí le Sainriachtanais

Fuair mé gearán in aghaidh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i dtaca le soláthar tionlacan do dhaltaí le sainriachtanais ar chóir iompair scoile. Chuaigh mac an ghearánaí isteach ar scoil den chéad uair Meán Fómhair 1999. Mar go raibh uathachas air, moladh go ndéanfadh tionlacóir é a thionlacan agus é ag taisteal chun scoile ar an mbus. Soláthraíonn an Roinn maoiniú do scoileanna le haghaidh tionlacóirí i gcásanna mar sin ach tá sé faighte amach aici nach bhfuil roinnt scoileanna i ndiaidh a bheith toilteanach an scéim tionlacain a fheidhmiú ar chúiseanna éagsúla. Sa chás áirithe seo, ní raibh an scoil toilteanach i dtosach báire an fhreagracht as tionlacóirí a fhostú a ghlacadh agus, mar sin, ní fhéadfadh Bus Éireann an dalta a thabhairt chun scoile gan tionlacan. Bhí ar a mháthair é a thabhairt chun scoile gach lá, turas 92 mhíle. I dtosach báire, sholáthair an Roinn deontas de £7.54 (€9.57) in aghaidh an lae i leith chostas an iompair, rud a rinne sí a achomharc agus ceadaíodh deontas feabhsaithe di de £46 (€58.41) in aghaidh an lae. Beart eatramhach a bhí ansin, dar leis an ngearánaí, a bhí faoi réir ag na deacrachtaí le soláthar tionlacan ar an tseirbhís bus a réiteach. Rinne sí gearán chomh maith faoin gcaoi a raibh ar a mac an scoil a fhágáil uair an chloig luath gach lá mar go raibh uirthi a hiníon a bhailiú ó scoil eile, rud a bhí ag déanamh dochair dá fhorbairt.

D'inis an Roinn dom go raibh an maoiniú a bhí leithdháilte don scoil tugtha ar ais ag an mBord Bainistíochta (BB) ar an mbonn gur bhraith sé nach raibh sé freagrach as cóir iompair scoile. Ní raibh sé sásta na dualgais riaracháin i gceist a ghlacadh air féin agus bhí imní air faoi na himleachtaí féideartha dlí. Ina theannta sin, luaigh an Roinn go raibh sí sásta ligean don BB an coigilteas a úsáid, a bhí fabhraithe don scoil mar thoradh ar dhualgais tionlacain a chosain níos lú ná an deontas a íocadh, chun cúnamh riaracháin le hoibriú na scéime a fháil. Rinne an BB an scéal a mheas athuair ach, arís, dhiúltaigh sé an moladh chun an scéim a oibriú, ar na cúiseanna a luaitear thuas agus ag lua, ina theannta sin, ceisteanna sláinte agus sábháilteachta agus drochthionchar na ndualgas breise ar obair an Phríomhoide.

Bhuail an Roinn le toscaireacht ón scoil i mBealtaine 2000 chun a hábhair imní a phlé. Ardaíodh ceisteanna fiachais agus na deacrachtaí a eascríonn ó shuíomh iargúlta roinnt bealaí bus agus thoiligh an BB a dhearcadh a athbhreithniú. I Meán Fómhair 2000, thoiligh sé an scéim a oibriú agus tionlacóirí a fhostú don tseirbhís bus.

Cé go raibh toradh sásúil ar an ngearán mar thoradh ar phlé na Roinne leis an BB, ábhar imní dom é gur thóg an próiseas bliain san iomlán, bliain a raibh ar an ngearánaí achair fhada a thaisteal gach lá lena linn chun a chinntiú go bhfaigheadh a mac an t-oideachas dá raibh teideal aige air. Measaim go bhfuil na ceisteanna a d'ardaigh an scoil sa chás i dtaca leis an scéim a riar, fiachas, ceisteanna sláinte agus sábháilteachta, ar an gcineál ceisteanna sin a bhféadfaí a thuar agus a réiteach ag an am a soláthraíodh an deontas don scoil i dtosach báire.

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Gabháil Feithicle

Cheannaigh an gearánaí feithicil i dTuaisceart Éireann agus thug sé isteach sa Stát í ina dhiaidh sin. Bheadh clárú na feithicle agus íocaíocht na Cánach Clárúcháin Feithiclí (CCF) cuí dlite faoi dheireadh an chéad lae oibre eile i ndiaidh teacht na feithicle isteach sa Stát. Theip ar an ngearánaí déanamh de réir an choinníll sin agus mar thoradh bhí baol ann go ngabhfaí a fheithicil.

In Aibreán 1999 fógraíodh an fheithicil in iris agus iarradh ar cheannaitheoirí ionchasacha glaoch ar uimhir an ghearánaí le haghaidh tuilleadh sonraí. Ar 7 Bealtaine 1999 ghlaoigh Oifigeach Seirbhíse Taistil Ioncaim (STI) air, ag ligean air gur ábhar ceannaitheora é, agus léirigh sé suim san fheithicil agus d'iarr ar an bhfear an fheithicil a thaispeáint dó i

gcarrchlós sa bhaile mór áitiúil. Bhí drogall ar an ngearánaí dul ar aghaidh leis an socrú sin i dtosach ach ar deireadh thoiligh sé déanamh de réir iarratas an Oifigigh STI agus an fheithicil a thiomáint chuig an gcarrchlós. Stop beirt oifigeach STI eile, a bhí ar an eolas faoin socrú a comhaontaíodh idir an gearánaí agus an t-oifigeach STI eile, an gearánaí ar an mbealach chun an charrchlóis agus ghabh siad an fheithicil.

Níorbh an phríomhcheist sa chás seo an raibh an gearánaí i ndiaidh déanamh de réir a oibleagáidí dlí an fheithicil a chlárú agus CCF a íoc ach na modhanna a ghlac an STI chun an fheithicil a ghabháil. Ón bhfianaise a bhí ar fáil b'fhacthas dom gurbh í aon-aidhm an tsocraithe inar cuireadh ina luí ar an ngearánaí an fheithicil a thiomáint chuig an gcarrchlós ná cabhrú chun an fheithicil a ghabháil agus é á tiomáint aige. Dhealraigh sé gur tháinig na modhanna a úsáideadh sa chás seo a raibh gabháil na feithicle mar thoradh orthu salach ar Chairt Ceart na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach na caighdeáin bhunúsacha cóireála ar féidir le híocóirí cánach a bheith ag súil lena bhfáil ina ndéileálacha leis na Coimisinéirí Ioncaim. Luaitear sa Chairt gur ceart na caighdeáin sin a bhaint amach ar mhodh a chothaíonn an chéim is airde muiníne pobail in ionracas, éifeachtacht agus cothroime na gCoimisinéirí Ioncaim.

Bhraith mé go raibh cumhachtaí feidhmithe dóthanacha eile ar fáil do Chustam agus Mál chun comhlíonadh na riachtanas CCF a chinntiú agus go raibh na meáin a úsáideadh sa chás seo chun an fheithicil a ghabháil ar aon dul le cleachtas riaracháin neamh-inmhianaithe agus go raibh siad in aghaidh riaracháin chothroim nó shláin.

Mhol mé do na Coimisinéirí Ioncaim nár cheart an nós imeachta a úsáideadh ónar eascair gabháil na feithicle sa chás seo a úsáid sa todhchaí agus gur cheart dóibh litir ag gabháil leithscéil a eisiúint chuig an ngearánaí.

D'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim leithscéal agus d'admhaigh dom nár chomhlíonn na dálaí inar gabhadh an fheithicil na caighdeáin atá leagtha amach sa Chairt Ceart. Mar aguisín dúirt siad go raibh an modh inar ndearnadh gníomhaíocht an fheidhmithe curtha ar a súile do na hoifigigh agus go raibh sé i gceist acu an gnó a choinneáil faoi athbhreithniú.

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh

Príobháideacht Cliant a Chosaint

Rinne fear gearán liom faoin tslí inar dhéileáil an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh lena ghearán. Bhí Cigire Leasa Shóisialta (CLS) i ndiaidh agallamh a chur air ar shráid phoiblí faoina theidlíocht do Liúntas Míchumais.

Mheas mé gur sampla de dhroch-chleachtas riaracháin é an cinneadh a rinne an CLS an t-agallamh a dhéanamh óna ghluaisteán ar an tsráid phoiblí. D'admhaigh an Roinn gur thaispeáin an CLS drochbhreithiúnas ar an ócáid agus chuir sí comhairle air dá réir sin agus ghabh sí leithscéal leis an ngearánaí as aon tochsal a cothaíodh.

Ón scrúdúchán a rinne mé bhí mé sásta gur ghlac an Roinn dearcadh mar is ceart ar an ngearán agus rinne sí imscrúdú iomlán ar an ngnó. Ar a shon sin agus eile dhírigh mé aird na Roinne ar an Treoir do Chaighdeáin Bharrchleachtais le haghaidh Seirbhíseach Poiblí inar mhínigh mé gurb éard a chiallaíonn déileáil i gceart le daoine ná déileáil leo:

> "go tuisceanach, trí chuimhneamh ar a n-aois, ar a n-acmhainn chun na rialacha atá casta go minic a thuiscint, ar aon mhíchumas a d'fhéadfadh a bheith acu agus ar a mothúcháin, príobháideacht agus caoithiúlacht".

Ina theannta sin, d'iarr mé ar an Roinn aghaidh a thabhairt ar cheist na nósanna imeachta cuí i dtaca le hagallaimh a chur ar fhaighteoirí Liúntais Míchumais. Thug an Roinn le fios gur cuireadh dianchúrsa oiliúna ar gach CLS inar

áiríodh oiliúint i scileanna agallóireachta, i ndiaidh an teagmhais a ndearnadh gearán faoi. Dhéileáil cuid mhaith den chúrsa sin le ceist an mhíchumais i gcoitinne agus, ach go háirithe, leis an gcaoi ar ceart do CLSanna déileáil le daoine le míchumas. Ina theannta sin, treisíodh go mbítear ag súil go ndéileálann siad le custaiméirí na Roinne le tuiscint agus cúirtéis agus go léiríonn siad meas ar a bpríobháideacht.

Intofacht le haghaidh Pinsin Seanaoise Ranníocaígh

Tugadh Pinsean Seanaoise Neamh-Ranníocaíoch (PSANR) de £72.50 (€92.06) in aghaidh na seachtaine ó 28 Bealtaine 1999 ar aghaidh do ghearánaí ach d'éiligh sé gur cheart go mbeadh teidlíocht do Phinsean Seanaoise Ranníocaíoch (PSAR) aige. D'áitigh sé gur bhunaigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh a cinneadh ar thaifead árachais shóisialta míchruinn agus gur úsáid sí an uimhir árachais mhícheart chun a ranníocaíochtaí árachais shóisialta a dhéanamh amach. Chuir sé isteach ar PSAR den chéad uair ar 18 Samhain 1986. Fíoraíodh a dháta breithe mar 11 Samhain 1921, rud a chiallaigh go mbeadh sé 66 bliana d'aois ar 11 Samhain 1987. Diúltaíodh an t-éileamh mar nach raibh a mheán rannaíocaíochtaí bliantúil ach ag 16 thar an tréimhse 24 bliana 1962 go 1986 agus gur theastaigh ag an am meán bliantúil de 20 le haghaidh PSAR. Ó Shamhain 1997, íslíodh an t-íosmheán bliantúil go 10 ranníocaíocht. Toisc gur theastaigh sé go mbeadh 260 ranníocaíocht íoctha ag an iarratasóir, áfach, chun cáiliú faoin riail scaoilte sin agus nach raibh ag an ngearánaí ach 205 ranníocaíocht íoctha, níor cháiligh sé fós.

Bhí an chéad fhreagairt ón Roinn bunaithe ar an taifead árachais shóisialta mar a tuairiscítear thuas. Nuair a scrúdaíodh na taifid sa Rannóg Taifead Láir (RTL), áfach, fuair mé amach go raibh ranníocaíochtaí creidiúnaithe breise iontu ó 1973 go 1985/86 nach raibh áirithe cheana sa taifead a fuair Oifig Seirbhísí Pinsin na Roinne. Mhínigh an Roinn go rabhthas i ndiaidh na creidiúintí a chur le taifead an ghearánaí i ndiaidh a chinnidh bunaidh i 1986 maidir lena iarratas ar phinsean a dhiúltú. Thagair nóta ar chomhad PSAR na Roinne do chreidiúintí dífhostaíochta do 1986 ach ní raibh aon mhionmhíniú ann ar bhlianta roimhe sin nó ar cathain a cuireadh lena thaifead árachais shóisialta iad. Rinne an Roinn taifead ranníocaíochtaí an ghearánaí a athríomh agus mar thoradh air sin fuarthas meán bliantúil de 44.

Mar thoradh thug an Roinn pinsean scoir, iníochtha ón 65ú breithlá an ghearánaí, don ghearánaí agus tugadh PSAR dó óna 66ú breithlá amach. Eisíodh riaráiste san iomlán de £73,875 (€93,801.90); £61,588 (€78,200.63) de riaráiste PSAR agus cúiteamh £12,287 (€15,601.27) le haghaidh cumhachta ceannaigh chaillte. Bhí na figiúirí sin glan ar PSANR a bhí íoctha leis cheana.

Ranníocaíochtaí Árachais Shóisialta Shaorálaigh

Nuair nach bhfuil duine faoi bhun 60 bliain d'aois cumhdaithe ag árachas sóisialta éigeantach a thuilleadh, is féidir leis/léi an rogha a dhéanamh an cumhdach a choinneáil trí ranníocaíochtaí saorálacha a íoc. Chun leas a bhaint as an tsaoráid sin ní mór don duine iarratas a chur isteach chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh laistigh de 12 mhí ó dheireadh na bliana cánach ar lena linn a d'íoc sé/sí árachas sóisialta go deireanach, nó a raibh creidiúint árachais shóisialta aige/aici. Go ginearálta, coinníonn na ranníocaíochtaí sin an leibhéal céanna cumhdaigh a bhí ag an duine roimhe sin nuair a bhí sé/sí ag obair go deireanach agus ag íoc árachas sóisialta éigeantach mar fhostaí nó mar dhuine féinfhostaithe.

Fuair mé gearáin ó roinnt daoine a bhí féinfhostaithe agus a raibh a n-árachas sóisialta íoctha acu a ionchorpraíodh ina n-íocaíochtaí réamhchánach leis na Coimisinéirí Ioncaim. Chinn an Cigire Cánach ina dhiaidh sin, áfach, nach raibh aon dliteanas cánach orthu agus aisíocadh a n-íocaíochtaí réamhchánach, inar áiríodh eilimint an árachais shóisialta. Ní dhlitear árachas sóisialta ar ioncam ó fhéinfhostaíocht nach mó ná £2,500 (€3,174.34). Ag tráth na haisíocaíochta, áfach, níor cuireadh na gearánaithe ar an eolas go

bhféadfaidís a bheith ina ranníocóirí saorálacha.
Nuair a chuir siad isteach ar a n-áireamh mar ranníocóirí saorálacha dhiúltaigh an Roinn iad ar an gcuntar nach raibh iarratas curtha isteach acu laistigh de na teorainneacha ama ceaptha. D'áitigh siad, gan rath a bheith orthu, nach bhféadfaidís an riachtanas sin a chomhlíonadh mar gur theip ar na Coimisinéirí Ioncaim comhairle a chur orthu i dtaca leis an scéim.

D'iarr mé ar an Roinn na socruithe a scrúdú a bhí i bhfeidhm aici leis na Coimisinéirí Ioncaim chun comhairle a chur ar dhaoine ar ioncam nach mó ná £2,500 (€3,174.34) faoina rogha bheith ina ranníocóirí saorálacha. Thoiligh an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a cinntí roimhe agus chinn ar na gearánaithe a ghlacadh mar ranníocóirí saorálacha ar an mbonn nach rabhthas i ndiaidh comhairle a chur orthu ag an tráth cuí go bhféadfaidís ranníocaíochtaí saorálacha a íoc.

Dhearbhaigh an Roinn chomh maith go ndéanfadh sí, i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim, tuairiscéain daoine féinfhostaithe a sheiceáil as sin amach chun daoine a stop den árachas éigeantach a íoc a aithint. Leis an gcóras sin, ina ndéantar tras-seiceáil in aghaidh thuairisceáin na bliana roimhe, cinnteofar go gcuifear gach ranníocóir féinfhostaithe, a stopann den árachas éigeantach a íoc amach anseo, ar an eolas i gceart faoina t(h)eidlíochtaí.

Comhairle Chontae na Mí

Sárú Comhaontaithe Ceada Slí

Bhain an gearán seo in aghaidh Chomhairle Chontae na Mí le suiteáil píobáin thar thalamh fir scothaosta. Bhí trastomhas an phíobáin a shuiteáil an Chomhairle níos mó ná mar a bhí sonraithe i gComhaontú Ceada Slí 1988 idir an Chomhairle agus an t-úinéir talún.

Dúirt an gearánaí, a bhí ag feidhmiú thar ceann a athar, gur tháinig duine d'fhoireann innealtóireachta Chomhairle Chontae na Mí (An tUasal A) chun cainte lena athair ag rá gur theastaigh ón gComhairle píobán de thrastomhas 225 mm (9 n-orlach) a chur síos trína thailte (ón bpríomhbhóthar go dtí an Bhóinn) chun tuile ar an bpríomhbhóthar poiblí a mhaolú. Dearbhaíodh don ghearánaí gurbh é an t-aon chuspóir a bhí leis an bpíobán ná an bóthar poiblí a dhraenáil. Ar na téarmaí sin, thoiligh a athair agus ghlac sé le híocaíocht de £1,000 (€1,269.74) le haghaidh ceada slí trína thalamh. Dúirt an gearánaí go bhfuair sé amach ina dhiaidh sin go raibh píobán níos mó (300 mm - 12 orlach de thrastomhas) ná mar a bhí sonraithe sa Chead Slí suiteáilte ag an gComhairle. Rinneadh é sin, a líomhnaigh sé, i ngan fhios dá athair nó gan a thoiliú agus sháraigh sé sin comhaontuithe scríofa agus briathartha na Comhairle. Bhí maoirseacht déanta ag duine d'innealtóirí na Comhairle (An tUasal B) ar shuiteáil an phíobáin.

D'éiligh an gearánaí go ndearna an Chomhairle, go gairid i ndiaidh di an Comhaontú Ceada Slí a fháil óna athair, trí láithreán a cheannach trasna an bhóthair ó thalamh a athar. Cheannaigh an t-innealtóir de chuid na Comhairle (An tUasal A) a rinne an Comhaontú Ceada Slí a mhargáil lena athair, innealtóir eile de chuid na Comhairle agus foirgneoir na láithreáin sin. Tógadh trí theach ar na láithreáin chéanna. Líomhnaigh an gearánaí, contrártha leis an ngealltanas a tugadh dó, go raibh na trí theach sin nasctha leis an bpíobán.

Ina theannta sin, luaigh an gearánaí gur ceadaíodh d'fhoirgneoir dhá de na tithe sin ar 1 Lúnasa 1995 cead pleanála chun 65 theach a thógáil ar na tailte céanna. Ceann de na coinníollacha a ghabh leis an gcead pleanála sin ná nár mhór don fhorbróir Comhaontú Ceada Slí a chur faoi bhráid na Comhairle, roimh thús a chur leis an bhforbairt tithíochta. Dúirt an gearánaí go raibh an foirgneoir i ndiaidh a bheith i gcaibidlí lena athair i dtaca le Comhaontú Ceada Slí chun leagan píobáin draenála uisce dromchla thar thalamh a athar a éascú. I nDeireadh Fómhair 1995, áfach, agus gan chomhairliúchán lena athair, rinne an Chomhairle an riachtanas a cuireadh ar an bhfoirgneoir faoin gcead pleanála cuí a tharscaoileadh.

D'áitigh an gearánaí dá mbeadh a fhios ag a athair go raibh an Chomhairle chun nascadh na forbartha tithíochta 65 theach leis an bpíobán a cheadú nach mbeadh sé i ndiaidh comhaontú leis an gCead Slí bunaidh ar na téarmaí a rinneadh a mhargáil.

Cé nach bhfuil sé i gceist agam sonraí an imscrúdaithe a fhoilsiú ina n-iomláine anseo, is iad seo a leanas mo phríomhthorthaí agus moltaí:

- rinneadh na caibidlí a bhain leis an gComhaontú Ceada Slí, a bhí ann idir an tUasal A thar ceann na Comhairle agus athair an ghearánaí, faoi dhea-rún agus bhí gealltanas soiléir ann i bhfoirm scríbhinne go mbeadh trastomhas de 225 mm (9 n-orlach) ag an bpíobán, nuair a bheadh sé suiteáilte;

- cé go ndearnadh na caibidlí faoi dhea-rún ba é tuairim athair an ghearánaí ná go raibh sé i gceist nach bhfreastalódh an píobán ach ar uisce dromchla a rithfeadh chun srutha ón bpríomhbhóthar agus ghlac sé leis an gcúiteamh de £1,000 (€1,269.74) ar an mbonn sin;

- trí líníochtaí a sheoladh chuig an innealtóir áitiúil roinnt míonna roimhe inar sonraíodh píobán 225mm (9 n-orlach), is léir go raibh sé de rún ag an gComhairle an píobán 225 mm (9 n-orlach) a shuiteáil, go fiú sula ndeachthas ag margáil go foirmiúil le hathair an ghearánaí;

- leasaigh Uasal B na Comhairle na líníochtaí agus d'athraigh sé méid an phíobáin ach ní dheachaigh sé i gcomhairle leis an Uasal A i gceart faoina rún an píobán níos mó le trastomhas 300 mm (12 orlach) a shuiteáil, in ainneoin go raibh an tUasal A i ndiaidh sonraí sainiúla an Chomhaontaithe Ceada Slí a mhargáil le hathair an ghearánaí;

- chuaigh an tUasal B i gcomhairle le hUasal C na Comhairle a thug le fios, gan dul i gcomhairle leis an Uasal A, nach raibh agóid aige i gcoinne shuiteáil an phíobáin méide níos mó;

- lá i ndiaidh gur síníodh Comhaontú Ceada Slí ina ndearnadh coinníoll an phíobáin 225 mm (9 n-orlach) rinne an tUasal B teagmháil lena sholáthraithe, Iorg agus fuair meastachán le haghaidh sheachadadh píobáin 300 mm (12 orlach); bhí sé ar an eolas cheana féin faoin meastachán comhfhreagrach le haghaidh píobáin 250 mm (9 n-orlach);

- níor ghníomhaigh an Chomhairle go ceart - ó thaobh dlí nó riaracháin - i leagan an phíobáin níos mó de 300 mm (12 orlach) gan fhios d'athair an ghearánaí nó gan a thoiliú;

- d'athdhearbhaigh an tUasal B athair an ghearánaí nach mbainfí úsáid as an bpíobán, agus é suiteáilte, ach le haghaidh draenála uisce dromchla cé nár inis sé dó faoi mhéid an phíobáin;

- is é a bhí laistiar de m'aird á díriú ag athair an ghearánaí ar an gcaoi a raibh áiteanna cónaithe príobháideacha an Uasail C agus an Uasail A nasctha leis an bpíobán faoina thalamh ná chun sochar a bhaint amach trí na hoifigigh lena mbaineann a náiriú, agus ní toisc gur ábhar imní dó na naisc ar leith;

- cé nach ann d'aon fhianaise de míchuibheas ar thaobh oifigigh na Comhairle lena mbaineann i dtaca leis an uisce dromchla a sceitheadh óna dtithe príobháideacha féin tríd an bpíobán ar thalamh athair an ghearánaí, ardaíonn an tsraith tarluithe, mar a thuaisiscítear thuas, mór-ábhar imní. Ach go háirithe, ní raibh nósanna imeachta riaracháin dóthanacha i bhfeidhm ag an gComhairle chun tionscadail bhonneagair a láimhsiú a ligfeadh di seasamh in aghaidh líomhna nó líomhain a bhréagnú, cuma cé chomh fánach a bheadh sí, i dtaca le coinbhleacht leasa féideartha nó airithe idir foireann na Comhairle, forbróirí agus tríú páirtithe;

- ní hann d'aon fhianaise a thabharfadh le fios go ndearnadh cinneadh an Uasail B chun méid an phíobáin a mhéadú ar aon chúis nach cúis theicniúil nó leasa phoiblí í nó go raibh sé in oirchill ar imeachtaí iardain;

- níor lean an Chomhairle an próiseas pleanála ceart sular athraigh sí an coinníoll sa cheadú pleanála a thagair don Chomhaontú Ceada Slí;

- ní hamháin go ndearna an Chomhairle, tríd an gcoinníoll sin sa cheadú pleanála a tharscaoileadh, an bonn a bhaint faoi shuíomh margála athair an ghearánaí leis an bhforbóir, ach d'imir sí tionchar dochrach air trína shéanadh air leas a bhaint as an deis a thiocfadh chun solais dá leanfaí an próiseas pleanála go ceart chun an gnó a achomharc leis an mBord Pleanála;

- in ainneoin gur lorg athair an ghearánaí soiléiriú i bhfoirm scríbhinne ón gComhairle trí huaire, ní bhfuair sé amach faoi chinneadh scríofa na Comhairle an coinníoll bainteach a tharscaoileadh sa cheadú pleanála ach i ndiaidh dó imeachtaí dlí a thionscnamh in aghaidh an fhorbróra agus mar thoradh air sin imríodh tionchar dochrach air sa chaoi go raibh air costais dlí agus eile a thobhach.

Bunaithe ar thorthaí m'fhiosruithe mhol mé go n-íocfadh an Chomhairle cúiteamh de £30,000 (€38,094.14) leis an ngearánaí. Áiríodh ansin sásamh as sárú théarmaí an Chomhaontaithe Ceada Slí, costais as póca, táillí dlí, tochsal agus míchaoithiúlacht, agus sárú nósanna imeachta riaracháin agus pleanála cearta. Mhol mé chomh maith go gcuirfeadh an Chomhairle i bhfeidhm nósanna imeachta / treoirlínte riaracháin cuí le haghaidh foirne a bhíonn ag plé le tionscadail phleanála agus bhonneagair ina bhfaightear an fhéidearthacht, cuma cé chomh fánach a bheadh sí, go mbeadh coinbhleacht leasa féideartha nó airithe ann. Ghlac an Chomhairle le mo chuid moltaí.

Is mian liom béim a chur ar m'ábhair imní faoi bhreithnithe an choinbhleachta leasa fhéideartha atá nochta ag an gcás seo. Rinne an gearánaí líomhain go bhféadfadh sé gur bhain pearsanra sinsearacha Comhairle úsáid as a bpost oifigiúil chun a leasa féin. Cé nár aimsigh mé aon fhianaise de mhíchuibheas ar thaobh na n-oifigeach lenar bhain léiríonn an cás seo a thábhachtaí atá sé d'oifigigh phoiblí cúram ar leith a dhéanamh chun a chinntiú go bhfeictear go gcaitheann siad go heiticiúil agus go ceart i ngach gnó a bhféadfadh sé go mbainfidís leas as cinntí a dhéantar ann nó a bhfuil siad i suíomh le tionchar a imirt air le linn a gcuid oibre.

Tá sé tábhachtach d'údaráis áitiúla go mbeadh nósanna imeachta i bhfeidhm acu a shlánchosnóidh in aghaidh na féidearthachta le coinbhleacht leasa idir a mbaill foirne agus páirtithe eile. Ar an bpointe sin, áirím go mionsonraítear i gCuid VII den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000, na ceanglais ar bhaill agus ar fhostaithe údarás áitiúil i dtaca le leasa a d'fhéadfadh a bheith acu, ach go háirithe, i dtalamh, a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu dá gcuid oibre. Áirím chomh maith go bhfuil caighdeáin eitice do bhaill agus d'fhostaithe údarás áitiúil á meas i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar reachtaíocht rialtais áitiúil, rud atá á dhéanamh faoi láthair ag an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil. Tá gá le nósanna imeachta nua chun an gnáthphobal agus, chomh tábhachtach céanna, baill foirne Comhairle a chosaint.

Sheol mé cóip de thuairisc an imscrúdaithe seo uaim chuig an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil agus lorg mé a moltaí i dtaca le ceisteanna a tháinig chun solais sa chás seo. Táim ag feitheamh le freagra na Roinne.

Comhairle Chontae Mhaigh Eo

Teidlíochtaí faoi Pholasaí Cosanta Morgáiste

Sa chás seo a bhain le Comhairle Chontae Mhaigh Eo bhí morgáiste tógtha ag an ngearánaí leis an gComhairle i 1986, inar áiríodh eilimint cosanta morgáiste.

Stop sí ag obair i Meán Fómhair 1989 ar chúiseanna sláinte agus thosaigh sí ag tarraingt sochar míchumais. I 1991 d'fhiafraigh sí den Chomhairle faoina teidlíochtaí cosanta morgáiste. In Aibreán 1991 fuair sí litir ón gComhairle nach ndearna ach a dhearbhú go raibh cosaint morgáiste aici agus gur chumhdaigh sí í mar an bpríomhshaothraí. Níor soiléiríodh a teidlíochtaí go beacht sa litir. D'éiligh sí gur ghlaoigh sí ar an gComhairle i ndiaidh di an litir a fháil agus gur inis oifigeach di nach raibh sí cumhdaithe ach le haghaidh sochair báis agus nach raibh sí cumhdaithe le haghaidh sochair míchumais. Mar gheall ar a dálaí airgeadais thit sí chun deiridh in aisíocaíochtaí na hiasachta. Ag céim amháin bhagair an Chomhairle imeachtaí dlí uirthi.

I 1994 fuair sí fógra eolais ghinearálta ón gComhairle faoi chosaint morgáiste, agus is ansin amháin a thuig sí go raibh cumhdach míchumais aici mar chuid dá cosaint morgáiste. Eisíodh an fógra mar gur ordaigh an Coiste um Chosaint Morgáistí i mBealtaine 1994 do gach údarás áitiúil a n-iarratasóirí morgáiste go léir a chur ar an eolas faoina dteidlíochtaí cosanta morgáiste. Cuireadh an méid seo a leanas in iúl d'údaráis áitiúla:

> ***"Tá sé ríthábhachtach go bhfuil gach iasachtaí ar an eolas faoi théarmaí na scéime agus gur féidir le húdaráis áitiúla a thaispeáint go bhfuil an t-eolas sin curtha ar fáil dóibh. Faoi láthair, tá roinnt cásanna ann faoi réir ag imeachtaí dlí ina n-éilíonn iasachtaithe nach raibh siad ar an eolas faoina dteidlíochtaí agus ina bhfuil árachóirí ag diúltú glacadh lena n-éilimh de bharr moille san fhógairt."***

San fhógra chomh maith cuireadh comhairle ar údaráis áitiúla córas a chur i bhfeidhm, e.g. admhálacha scríofa a choinneáil, chun a chruthú go bhfuil sonraí faoin scéim cosanta morgáiste tugtha acu i ngach cás ar leith. D'eisigh an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe fógra ginearálta breise ar an ngnó céanna i 1996.

I ndiaidh di teacht ar an eolas faoina teidlíochtaí iomlána mar thoradh ar fhógra 1994 chuaigh sí ar aghaidh le héileamh árachais. Trí idirghabháil an Ombudsman Árachais d'éirigh lena héileamh faoin bpolasaí cosanta morgáiste ach níor glacadh leis sin ach ó Mheán Fómhair 1994 mar gheall ar an moill maidir leis an éileamh a chur isteach. Ina tuairisc ar an ngnó seo thug an tOmbudsman Árachais le fios go raibh sí teoranta ag a dlínse do ghníomhaíochtaí na cuideachta árachais amháin a scrúdú agus nach bhféadfadh sí aon ní a rá faoi ghníomhartha nó faillíocha líomhanta páirtithe eile ar nós an údaráis áitiúil.

Scrúdaigh mé comhaid na Comhairle agus d'iarr mé uirthi a nósanna imeachta a thuairisciú i dtaca le teidlíochtaí cosanta morgáiste a fhógairt. Thug an Chomhairle le fios, tríd is tríd, go liostaíonn iarratasóirí morgáiste leis an gComhairle nuair a thógann siad morgáiste agus nach mór don Chomhairle na foirmeacha agus doiciméadú cuí ar an morgáiste agus ar an scéim cosanta morgáiste a thabhairt dóibh. Dúirt an Chomhairle go gcuirtear iarratasóirí ar an eolas go briathartha go gcumhdaíonn cosaint morgáiste a morgáiste i gcás báis nó míchumais throim. Ar cheadú iasachta, eisítear Teastas Árachais in éineacht le Foirm Dhearbhúcháin don phríomhshaothraí ar gá iad a chomhlánú sula n-íoctar aon iasacht. Má tharlaíonn sé go dtagann éileamh chun solais, is é an t-iarratasóir nach mór éileamh a dhéanamh leis an gcuideachta árachais go díreach agus i gcás míchumais, déanann an chuideachta árachais cinneadh i dtaca le sainteidlíochtaí míchumais.

Ba í an ghné fhíorthábhachtach den ghearán ná an raibh an Teastas Árachais faighte ag an ngearánaí, ina leagtar amach a teidlíochtaí iomlána cosanta morgáiste, nuair a thóg sí an mórgáiste i dtosach báire. Bhí an gearánaí daingean ina hintinn nach bhfuair sí cóip den Teastas Árachais ná an Fhoirm Dhearbhúcháin i 1986. Dúirt sí gur chuimhin léi cuairt a thabhairt ar oifigí na Comhairle agus ar oifig aturnae na Comhairle chomh maith i 1986 chun foirmeacha éagsúla a shíniú ach nár tugadh an Fhoirm Dhearbhúcháin ná an Teastas Árachais di le tabhairt léi. Dúirt sí nár taispeánadh Teastas Árachais di le linn a cuairte. Bhí sé dobhréagnaithe gur shínigh sí an Fhoirm Dhearbhúcháin i 1986 mar go raibh sé ar chomhad na

Comhairle ach thug mé faoi deara nach raibh aon stampa "dáta a fuarthas" air, rud a thug creidiúint d'éileamh an ghearánaí nár cuireadh chuici sa phost í.

Mar thoradh ar mo scrúdúchán bhí mé sásta go raibh roinnt gnóthaí dobhréagnaithe:

- bhí freagracht ar an gComhairle morgáistithe a chur ar an eolas faoina dteidlíochtaí iomlána cosanta morgáiste;
- thar na blianta, agus suas go 1996 ar a laghad, bhí fadhbanna ann i gcoitinne laistigh d'údaráis áitiúla i dtaca leis na córais riaracháin i bhfeidhm chun morgáistithe a chur ar an eolas faoina dteidlíochtaí cosanta morgáiste;
- bhí teagmhálacha ag an ngearánaí leis an gComhairle i 1986 agus 1991 i dtaca lena cosaint morgáiste agus níor tugadh eolas dóthanach di fúithi ar cheachtar den dá ócáid sin;
- bhí a fhios ag an gComhairle go raibh deacrachtaí aici an riaráiste a íoc a tháinig chun solais de dheasca a dálaí ar leith;
- cuireadh strus mór, míchaoithiúlacht agus caillteanas airgeadais ar an ngearánaí, nithe a d'eascair ón méid ama a thóg sé sula bhfuair sí amach faoina teidlíochtaí;
- ní bhfuair an gearánaí amach faoina teidlíochtaí iomlána cosanta morgáiste go 1994.

Cé nárbh fhéidir a fhíorú bealach fianaise doiciméadaí ar eisíodh nó nár eisíodh an Teastas Árachais i 1986, bhí mé ar an eolas go raibh na cúirteanna i ndiaidh a bheith fabhrach do ghearánaithe nuair nach raibh an t-údarás áitiúil in ann cruthúnas doiciméadach dá leithéid a chur ar fáil. Bunaithe ar na fíorais bhunaithe agus ar chóimheá na ndóchúlachtaí, ghlac mé an dearcadh go raibh cúinsí réasúnacha ann chun iarraidh ar an gComhairle sásamh a ofráil don ghearánaí. I ndiaidh don Chomhairle a suíomh a athbhreithniú ghlac sí le cúiteamh de £6,000 (€7,618.43) a chur ar fáil, méid a bhí inghlactha dom féin agus don ghearánaí.

Bardas Loch Garman

Táillí Bailithe Bruscair

I 1998 rinne fear a raibh a sheirbhís bailithe bruscair curtha ar ceal aige gearán gur leanadh de bhillí a chur chuige. Nuair a sheiceáil Bardas Loch Garman a thaifid airgeadais fuair sé amach gur glanadh cuntas an fhir i nDeireadh Fómhair 1996, agus gur ceart go mbeadh sé sonraithe mar chuntas curtha ar neamhní do na blianta a lean. De bharr faillí, níor cuireadh an cuntas ar neamhní agus leanadh de bhillí a eisiúint chuig an ngearánaí go 1998. Nuair a tharraing mé aird an Bhardais ar an suíomh seo shocraigh sé go gcuirfí an cuntas ar neamhní agus ghabh sé leithscéal leis an ngearánaí chomh maith. Bhí mé sásta gur fhreagairt réasúnta é sin.

Rinne an gearánaí teagmháil le m'Oifig arís i 1999. Chuir sé in iúl dom go raibh éileamh breise faighte aige maidir leis an táille bailithe bruscair a íoc. Chuir an suíomh sin iontas orm agus mar sin rinne mé teagmháil leis an mBardas arís. Mhol mé chomh maith go mbreithneodh sé ar bhealach oiriúnach sásaimh ag cuimhneamh ar an míchaoithiúlacht a cothaíodh don ghearánaí. Mar fhreagairt, d'eisigh an Bardas leithscéal breise chuig an ngearánaí agus, mar chomhartha dea-thola, chuir seic le haghaidh £50 (€63.49) ar aghaidh chun é a chúiteamh as an míchaoithiúlacht leanúnach. Chuir an Bardas m'Oifig ar an eolas chomh maith go raibh iniúchadh déanta ar a chuntas agus go raibh sé sásta go raibh an cuntas curtha ar neamhní.

Is mó an t-iontas a cuireadh orm ansin nuair a rinne an gearánaí teagmháil le m'Oifig arís i 2000. D'inis sé dom, in ainneoin ghealltanais níos túisce an Bhardais, gur eisíodh éileamh breise maidir leis an táille bailithe bruscair chuige in Iúil 2000.

Ag cuimhneamh ar stair an cháis seo, d'iarr mé ar an mBardas ceist an tsásaimh a bhreithniú arís. Mar fhreagairt, thoiligh an Bardas leithscéal a ghabháil leis arís agus íocaíocht de £100 (€126.97) i dtairiscint don ghearánaí. D'ardaigh sé sin an sásamh iomlán a rinneadh i dtairiscint don ghearánaí go £150 (€190.46). Ba chóir gur cás simplí le réiteach ab ea é seo, ach mar thoradh ar bhunfhailí riaracháin cuireadh an Bardas sa suíomh, ar dhá ócáid, go raibh air leithscéal a ghabháil agus cúiteamh a thairiscint.

Comhairle Chontae Chill Dara

Nósanna Imeachta chun Tithe a Athshealbhú

I 1998, scaoileadh tionónta de chuid Chomhairle Chontae Chill Dara isteach in ospidéal. Le linn na coicíse a chaith sí ann, d'éirigh sí an-bhuartha faoina teach mar go raibh sí i riaráiste mór agus go raibh damáiste déanta don teach le linn briste isteach. Rinne sí gearán liom ag lua gur ghlaoigh sí ar an gComhairle nuair a bhí sí san ospidéal chun a rá nach raibh sí in ann déileáil leis an teach. D'athshealbhaigh an Chomhairle an teach ansin agus chuir cláir leis na fuinneoga is doirse ar chúiseanna slándála. D'fhág sé sin an gearánaí gan dídean.

D'inis an Chomhairle dom gur thug an gearánaí cuairt ar a hoifigí in Iúil 1998 agus gur thug sí le fios gur mhian léi tionóntacht a tí a thabhairt suas. Cuireadh comhairle uirthi nár cheart di a teach a thabhairt suas gan a bheith iomlán cinnte faoi na hiarmhairtí. Insíodh di chomh maith dá gcuirfeadh sí isteach ar athsholáthar tí leis an gComhairle go gcaithfí a chur san áireamh go raibh teach Comhairle tugtha ar ais aici.

Go gairid ina dhiaidh sin, bhreithnigh an Chomhairle an gearánaí le haghaidh mhalartú tionóntachtaí le tionónta eile de chuid na Comhairle a bhí ina chónaí i ndálaí róphlódaithe in árasán aonseomra codlata. Chinn an Chomhairle, áfach, toisc go raibh an gearánaí i riaráiste cíosa, £941 (€1,194.82) san iomlán, agus go raibh a teach fágtha aici, nach raibh sí sásta an malartú tithe a cheadú. Ina dhiaidh sin, rinne an gearánaí iarratas nua ar thithíocht don Chomhairle. Chuir an Chomhairle ar an eolas mé nach bhféadfaí a hiarratas ar thithíocht a cheadú mar nach raibh sí intofa le haghaidh athcheapadh mar thionónta sa teach ina raibh sí roimhe, .i. teach trí sheomra, ar an mbonn, mar dhuine ina haonar, go raibh an teach níos oiriúnaí do theaghlach.

Ón tús, bhí ábhair imní agam faoi ghníomhartha na Comhairle i dtaca le seilbh a ghlacadh ar theach ó dhuine dá tionóntaí gan a toiliú i bhfoirm scríbhinne. Níor léir dom cathain nó conas a ghlac an Chomhairle seilbh ar an teach. Ba léir, áfach, nár thug sí toiliú i bhfoirm scríbhinne riamh, i bhfoirm Ordaithe Folúntais / Dúnta, don Chomhairle agus nár iarradh uirthi riamh aon fhoirm dá leithéid a shíniú. Mór-earráid riaracháin ón gComhairle a bhí ansin.

Bhí imní orm go raibh an Chomhairle i ndiaidh seilbh a ghlacadh ar a teach fiú amháin:

- go raibh sí scaoilte amach ó aonad géarshíciatrach ospidéil go gairidh roimhe;
- go raibh an Bord Sláinte i ndiaidh an tairiscint a dhéanamh deisiúcháin a dhéanamh ar an teach;
- go raibh sí i ndiaidh an riaráiste cíosa ar a teach a laghdú ó £1,900 (€2,412.50) i 1991 go £940 (€1,193.55) i Meán Fómhair 1998;
- nach raibh an teach tugtha suas aici go foirmiúil;
- nach raibh an seilbh glactha ag an gComhairle ar an teach go foirmiúil.

Ba í an phríomhcheist a ardaíodh ná an raibh an gearánaí, ag an tráth a rinne sí teagmháil leis an gComhairle chun a teach a thabhairt suas, in ann, i ngeall ar a breoiteacht, impleachtaí a gníomhartha a thuiscint. Thuig mé go raibh, nó gur cheart go raibh, an Chomhairle ar an eolas faoina breoiteacht shealadach agus, mar sin, bhí sé de cheart ag an gComhairle níos mó céimeanna gníomhacha a ghlacadh chun a fíor-riocht sláinte a bhunú nuair a chuaigh sí chun cainte leis an gComhairle agus sular thóg an Chomhairle seilbh ar a teach. D'iarr mé ar an gComhairle an cás a athbhreithniú agus an cheist a bhreithniú i dtaca le cineál

éigin sásaimh a thairiscint don ghearánaí don tochsal a cothaíodh di le linn na tréimhse i dtreis.

Mar fhreagra, chuir an Chomhairle in iúl dom go raibh athbhreithniú déanta aici ar a nósanna imeachta i dtaca le seilbh a ghlacadh ar thithe atá tugtha ar ais ag iarthionóntaí. Thug an Chomhairle árasán aonseomra codlata don ghearánaí agus thoiligh £300 (€380.92) a thabhairt di i gcúiteamh ar chailleadh líomhanta roinnt maoine dá cuid le linn na tréimhse nuair a d'athshealbhaigh sí an teach a bhí aici.

Bhí mé féin agus an gearánaí sásta le tairiscint na Comhairle.

Bord Sláinte an Deiscirt

Táillí Ospidéil

Fuair mé gearán ó náisiúnach Sasanach bainteach le híocaíocht táillí príobháideacha i dtaca le seirbhísí othair chónaithigh ag Ospidéal Ginearálta Thrá Lí. Tháinig an gearán chun solais nuair a ligeadh a fear céile isteach in Ospidéal Ginearálta Thrá Lí le meiningíteas amhrasta. Sholáthair an gearánaí an t-eolas bainteach go léir maidir lena fear céile ag tráth na hiontrála agus ina dhiaidh sin fuair sí sonrasc ón ospidéal don mhéid £903 (€1,164.57). Ní raibh a fhios aici gur tugadh cóireáil dá fear céile i seomra príobháideach le linn a thréimhse san ospidéal. Thug an t-ospidéal le fios gur roghnaigh an gearánaí seomra príobháideach, ag tráth na hiontrála. Bhí sí daingean ina hintinn, áfach, nár insíodh di ag aon chéim go raibh cóireáil phríobháideach á cur ar fáil ná nár tugadh sceideal táillí do chóireáil phríobháideach di. Roinnt laethanta i ndiaidh na hiontrála, áfach, iarradh uirthi foirm a shíniú agus rinne sí amhlaidh ar an tuiscint go raibh sé riachtanach chun a fhíorú go raibh árachas dóthanach ag a fear céile chun an chóireáil a chumhdach. Bhí tic leis an rannóg "Is mian liom go gcaithfear liom faoi acmhainn phríobháideach faoi m'árachas sláinte", ach bhí an rannóg "Othair Phríobháideacha" gan mharcáil. Cuireann an rannóg sin dliteanas ar an othar as táillí uile lianna le haghaidh cóiríochta príobháidí nó leathphríobháidí.

Ba é léirmhíniú Bhord Sláinte an Iarthair ar an bhfoirm a chomhlánaigh an gearánaí ná go raibh cúram príobháideach á roghnú aici thar ceann a fir céile. Ag cuimhneamh ar dhálaí an cháis, áfach, thoiligh an Bord glacadh leis an méid £531 (€674.23) a bhí íoctha ag cuideachta árachais mar lánghlanadh an tsonraisc. Chonclúidigh mé gur cothaíodh an mearbhall sa chás seo tríd an doiciméadú a bhí in úsáid ag an am a chuir síos ar na táillí agus na roghanna dóibh sin a bhí ag baint leasa as cóireáil phríobháideach. Dhearbhaigh mé ina dhiaidh sin go ndearnadh an fhoirm chuí a athbhreithniú leis an aidhm í a dhéanamh níos trédhearcaí agus níos intuigthe.

Bord Sláinte an Mheániarthair

Droch-Chaighdeán Cúraim d'Áitritheoir Tí Altranais

Sna Rialacháin um Thithe Banaltrais (Cúram agus Leas), 1993, áirítear forálacha a chuireann oibleagáid ar bhoird sláinte gearáin in aghaidh tithe altranais príomháideacha a imscrúdú. Ní mór do bhord sláinte an gearán a imscrúdú agus, nuair a sheastar leis, féadfaidh sé treoir a eisiúint chuig an teach altranais (nach mór déanamh dá réir) ag cur air gníomhaíocht shonraithe a dhéanamh. Cé nach gceadaítear dom leis an gcumhacht atá agam gníomhartha tí altranais príomháidigh ar leith a imscrúdú, is féidir liom an modh ina ndearna bord sláinte imscrúdú a iniúchadh.

Fuair mé gearán ó bhean faoi neamhleorgacht imscrúdaithe a rinne Bord Sláinte an Mheániarthair ar an gcúram a tugadh dá máthair nach maireann fad a bhí sí ina háitritheoir i dteach altranais sna seachtainí roimh a bás. Dhearbhaigh sí chomh maith go raibh na conclúidí a rinne an Bord amach, in éineacht le ráiteas an toraidh a eisíodh chuici, ar neamhréir leis na fíorais a fuarthas amach. Bhí sí míshásta le socraíochta a líomhna go raibh cor i gcaitidéar a bhí

nasctha lena máthair thar thréimhse 48 n-uair an chloig roimh a bás. Dhiúltaigh sí glacadh le héileamh a rinne foireann imscrúdaithe an Bhoird go raibh galar Alzheimer ar a máthair.

B'é a leanas cúlra an cháis. Bhí foireann an tí altranais i ndiaidh an teaghlach ar an eolas go raibh a máthair an-bhreoite, nach raibh mún á dhéanamh aici, rud a thug le fios nach raibh a duáin ag oibriú, agus nach bhféadfaí a bheith ag súil go mairfeadh sí rófhada. An lá dar gcionn, le linn cuairte, fuair an gearánaí amach nach raibh mún á dhéanamh ag a máthair fós. D'iarr sí ar dhochtúir teaghlaigh a máthar cuairt a thabhairt uirthi ansin. Dúirt an gearánaí gur chuir ball d'fhoireann an tí altranais in iúl di bealach an teileafóin an tráthnóna sin go bhfuarthas amach go raibh cor sa mhála fuail, agus nuair a ionadaíodh é go ndearna a máthair cuid mhaith múin. D'éiligh sí go ndúradh léi an lá dar gcionn gur rud réasúnta gnách é deacracht dá leithéid leis an mála.

Rinne an Bord an gearán a imscrúdú agus chuir in iúl don ghearánaí go raibh galar Alzheimer ar a máthair agus go raibh crapthaí forleathana agus lomairtí leapa aici ag tráth a báis. Dúirt siad gur iompaíodh í gach dhá uair an chloig agus gur tugadh caighdeán sásúil cúraim altranais di. Dúirt an Bord gur thug tuairisc altranais le fios go ginearálta cé mhéad fuail a dreanáladh ón gcaitidéar agus cathain a ionadaíodh é. Luaigh sé chomh maith gur dheacair an gearán a imscrúdú mar go raibh sé aisbhreathnaitheach agus imthoisceach agus chun go ndéanfaí é a imscrúdú ba ghá an gearán a fháil ag tráth an teagmhais.

Ag cruinniú iardain leis an ngearánaí agus a mac dúirt oifigigh den Bhord nach raibh aon fhianaise sa tuairisc altranais ar chor sa chaitidéar, ach go raibh taifead ar an gcaitidéar a athrú le haschur iardain de 500 ml d'fhual. Scríobh an gearánaí chuig an mBord ina dhiaidh sin ag cur in iúl go raibh sí míshásta le méid an imscrúdaithe a rinneadh ar theagmhas an chaitidéir bhlocáilte, agus d'áitigh go raibh na conclúidí ar neamhréir leis an méid a chonaic sí. D'áitigh sí chomh maith nach raibh agallamh curtha ar na daoine cuí a bhí páirteach, agus go raibh an t-éileamh go raibh galar Alzheimer ar a máthair mícheart ó thaobh fíoras. D'fhreagair an Bord agus dhiúltaigh dá háiteamh.

I ndiaidh dom an cás a scrúdú, thug mé tuairisc don Bhord inar áiríodh mo réamhthorthaí. Ba é an tuairim a bhí agam ná go raibh fianaise prima facie ann go raibh an t-imscrúdú a rinne an Bord neamhleor agus mar sin contrártha do riaradh cóir nó slán. D'fhreagair an Bord mé agus dúirt sé gur ghlac sé le mo bhreithnithe i dtaca leis an imscrúdú, agus go raibh socrú déanta aige go ndéanfadh foireann ó Limistéar Cúraim Pobail eile cigireacht ag an teach altranais.

Thaispeáin tuairisc na Foirne Imscrúdúcháin go raibh sé sásta go raibh an caitidéar blocáilte ag tráth a athraithe agus go raibh cor i ndiaidh a bheith ann ní ba luaithe an oíche sin. I dtaca leis an diagnóis go raibh galar Alzheimer ar an mbean fuair an fhoireann amach nach raibh aon fhianaise dhoiciméadach ann a thacaigh leis an diagnóis sin. Ghabh an Bord a leithscéal ina dhiaidh sin as an earráid agus as aon tochsal a cothaíodh. Rinne an Fhoireann Imscrúdúcháin roinnt moltaí chomh maith ag cur ar an teach altranais polasaithe agus nósanna imeachta a dhéanamh amach i bhfoirm scríbhinne i dtaca le rialú caitidéar, brúlomairtí a chosc, agus cógais mhíochaine a riar.

Ina theannta sin, ba léir go raibh an fhianaise, ar ar bhunaigh an Fhoireann Imscrúdúcháin a conclúidí, ar fáil go furasta dóibh sin a rinne an chéad imscrúdú. D'iarr mé ar an mBord cuimhneamh ar shásamh, i bhfoirm íocaíochta ex gratia, agus thoiligh sé íocaíocht de £750 (€952.30) a íoc leis an ngearánaí. Bhi an tsuim seo deartha chun a chinntiú gur sholáthair an Bord sásamh réasúnta chun an strus, imní, frustrachas, agus míchaoithiúlacht a d'fhulaing an gearánaí mar thoradh ar na heasnaimh ina imscrúdú a shásamh.

CABHRÚ CH
PHOIBLÍ AT

Caibidil 5

An Bhliain faoi Athbhreithniú

CABHRÚ CHUN SEIRBHÍS PHOIBLÍ ATÁ OSCAILTE COTHROM AGUS FREAGRACH A BHAINT AMACH

An Bhliain faoi Athbhreithniú

Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas

De réir Chomhaontú Bhéal Feirste 1998, tá sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh-Theas nua bunaithe. Feidhmíonn na comhlachtaí nua sin sna réimsí seo a leanas: sábháilteacht bia, trádáil agus forbairt gnó, teanga, uisceshaothrú agus ábhair mhuirí, sainchláir AE agus uiscebhealaí intíre. Bunaíonn Acht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, na comhlachtaí sin sa dlínse seo agus tugann laistigh de théarmaí tagartha m'Oifige iad. Tá dlínse ag an dá Oifig Ombudsman, Thuaidh agus Theas, thar na Comhlachtaí Forfheidhmithe agus soláthraíonn an tAcht d'idirchaidreamh agus comhoibriú idir an dá Oifig, chun déileáil le gearáin in aghaidh na gcomhlachtaí sin. Clúdaíonn dlínse m'Oifige "gníomhartha a dhéanann na comhlachtaí sa Stát nó a dhéantar ar a son" agus tá feidhm ag foráil pharailéalach i gcás Ombudsman Thuaisceart Éireann.

An Bille Ombudsman (Leasú)

Don seachtú bliain as a chéile braithim gur gá a thaifeadadh sa Tuarascáil Bhliantúil go bhfuil an Bille Ombudsman (Leasú) le hachtú fós. Cheadaigh an Rialtas cinn Bhille a leathnódh mo théarmaí tagartha san earnáil phoiblí níos leithne chun ospidéil phoiblí dheonacha, FÁS agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a áireamh. In ainneoin chinneadh an Rialtais tá an dréachtreachtaíocht - atá simplí go maith - le hullmhú agus le cur faoi bhráid an Oireachtais fós.

Áirím gurbh fhéidir i dtaca leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, an líon comhlachtaí poiblí a mhéadú, roinnt babhtaí, atá faoi mo dhlínse mar Choimisinéir Faisnéise. Ina theannta sin, mar a luaitear thuas, tá na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas tugtha isteach faoi mo dhlínse mar Ombudsman ag Acht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999. Leis na forbairtí sin is mó an domhíniú a thugtar don teip i dtaca leis an mBille Ombudsman (Leasú) a achtú.

Bainistíocht Straitéiseach agus Pleanáil Gnó

Tá tasc an tseachadta seirbhísí poiblí éirithe i bhfad níos casta agus níos dúshlánaí. Ní mór do chomhlachtaí poiblí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a bpróisis agus nósanna imeachta inmheánacha chun a chinntiú go seachadtar seirbhísí poiblí go héifeachtach agus go gairmiúil. Baineann sé sin chomh maith leis na trí réimse gníomhaíochta atá ag foireann m'oifige, is é sin Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus an rúnaíocht do Choimisiún na nOifigí Poiblí. Cé go bhfeidhmíonn gach comhlacht feidhmeanna reachtúla neamhspleácha, tá comhaidhm acu, mar a chuirtear in iúl inár ráiteas misin, **"cabhrú chun seirbhís phoiblí atá oscailte, cothrom agus freagrach a bhaint amach."**

I Meitheamh 2000 lainseáil mé an chéad phlean gnó chun na trí fheidhm reachtúla a chlúdach. Tá dhá ghné ag an bplean. Ar an gcéad dul síos, tuairiscítear ann an ráiteas misin, na luachanna agus na príomhthosaíochtaí straitéiseacha do na trí oifig ina n-iomláine. Ar an dara dul síos, faightear ann pleananna gnó mionsonraithe do gach ceann de na feidhmeanna líne laistigh den eagraíocht ina hiomláine.

Mórdhúshlán ann féin a bhí i dtasc foirmithe an phlean. Díríonn an plean ar chuspóirí praiticiúla agus inbhainte amach agus cuireann sé an-chuid béime ar fheidhmiú na n-eilimintí éagsúla laistigh de spriocdhátaí sonraithe. Tá obair ar a fheidhmiú chun cinn go mór agus táim cinnte go ndéanfaidh sé ár gcaighdeáin ghairmiúlachta agus cáilíocht na seirbhíse a thugaimid dár gcliaint a fheabhsú níos mó.

Tuarascálacha ar Shaincheisteanna nó ar Shainréimsí Riaracháin Phoiblí

Sa Tuarascáil Bhliantúil ó 1999 uaim thug mé le fios go leanfainn den chleachtas i dtaca le tuarascálacha ócáideacha a chur faoi bhráid an Oireachtais ar shaincheisteanna nó ar shainréimsí riaracháin phoiblí. Is gnách go ndíríonn na tuarascálacha sin ar easnaimh shistéimeacha agus nós

imeachta a bhfuil drochthionchar imeartha acu ar líonta móra gearán. Tá na tuarascálacha i ndiaidh a bheith an-éifeacht chun sásamh a dhaingniú do ghearánaithe agus, gan dabht, do dhaoine eile nach mbeadh i ndiaidh gearán a dhéanamh le m'oifig ach ar imríodh drochthionchar orthu le gníomhartha an chomhlachta phoiblí i gceist. Toradh dearfach eile is ea na feabhsúcháin ar chaighdeáin riaracháin phoiblí i gcoitinne nuair a ghlacann comhlachtaí poiblí céimeanna chun na heasnaimh nós imeachta a gcuirtear béim orthu sna tuarascálacha sin a cheartú. Níos tábhachtaí fós, cuirtear na tuarascálacha sin, in éineacht le mo thuarascálacha bliantúla, faoi bhráid an Oireachtais chun cabhrú agus tacú leis ina chuid oibre.
In Iúil 2000, d'fhoilsigh mé tuarascáil ar m'imscrúdú "féintionscanta" ar leibhéal na ró-íocaíochtaí neamh-aisíoctha ar chuntais iasachtaithe iasachtaí tithíochta údaráis áitiúil, agus chuir mé faoi bhráid an Oireachtais í. D'eascair an t-imscrúdú sin ó mo scrúdú ar ghearán aonair in aghaidh Chomhairle Contae na Mí inar leanadh d'íocaíochtaí a ghlacadh ó iasachtaí scothaosta i dtaca le hiasacht tithíochta cé go raibh sí íoctha ina hiomláine dhá bhliain roimhe nach mór. Thug an cás orm a chreidiúint go bhféadfadh sé go raibh laigeachtaí sistéimeacha i bpróiseáil aisíocaíochtaí iasachta dá leithéidí in údaráis áitiúla eile. Agus mar sin, lainseáil mé imscrúdú ar fud na n-údarás áitiúil, rud a chumhachtaítear dom a dhéanamh gan an ngá le gearáin ar leith. Chuir an tuarascáil béim ar a mhéid a lean údaráis áitiúla den ghlacadh le híocaíochtaí ó iasachtaithe ar iasachtaí a bhí íoctha ina n-iomláine agus chuir sí béim chomh maith ar theip roinnt mhaith údarás áitiúil aon chéimeanna a ghlacadh chun na ró-íocaíochtaí ar iasachtaí lán-íoctha a aisíoc. I ndiaidh m'imscrúdaithe rinneadh gach ró-íocaíocht a aisíoc in éineacht le cúiteamh ar chaillteanas cumhachta ceannaigh de na méideanna i gceist. Thoiligh na húdaráis áitiúla nósanna imeachta nua a thabhairt isteach chomh maith chun a chinntiú nach dtarlódh an cineál gearáin sin arís.

Ina theannta sin, chríochnaigh mé tuarascáil ar m'imscrúdú ar ghearáin a bhain le híocaíocht deontas tí altranais ó bhoird sláinte. Tá gearáin faoi na rialacháin deontais - ach go háirithe, an measúnú teaghlaigh agus forálacha "airgead póca" - i ndiaidh a bheith ina ngné rialta i dtuarascálacha bliantúla m'Oifige ó 1993 i leith. Dhírigh m'imscrúdú ar na buncheisteanna a thug na gearáin sin chun solais i dtosach báire. D'fhéach sé ar ról na Roinne Sláinte agus Leanaí i ndéanamh na rialachán agus i maoirseacht a dhéanamh ar thabhairt isteach agus feidhmiú na scéime deontais go náisiúnta.

Fuair mé amach go raibh an Roinn agus na boird sláinte i ndiaidh feidhmiú ar mhodh a bhí "gan údarás ceart", "idirdhealaitheach go héaguibhiúil" agus tríd is tríd "in aghaidh riaracháin chóir nó shláin". Tá gníomh déanta ag an Roinn ó shin chun an scéal a chur ina cheart. Tá riaráiste mór, £6 mhilliún san iomlán, á íoc agus tá na rátaí deontais le méadú ó 1 Aibreán 2001.

Ardaítear ceisteanna troma chomh maith sa tuarascáil i dtaca leis an gcaidreamh, ar thaobh amháin, idir an tOireachtas agus an Feidhmeannas agus an caidreamh, ar an taobh eile, idir an Feidhmeannas agus na leibhéil pholaitiúla agus riaracháin. Áirítear sna ceisteanna sin breathnú ar reachtaíocht thánaisteach, an caidreamh idir Airí agus státseirbhísigh shinsearacha, maoiniú teidlíochtaí agus ceisteanna ceart daonna i dtaca le scothaosaigh. Sa tuarascáil míním conas a d'fhéadfaí na ceisteanna sin a chur chun cinn.

Rochtain agus Feasacht an Phobail

Is príomheilimint sa soláthar seirbhísí don ghnáthphobal í an inrochtaineacht ar m'Oifig. Is é sin an chúis go bhfuil m'fhoireann i ndiaidh cuairt a thabhairt thar na blianta ar Ionaid Eolais do Shaoránaigh (IESanna) ag raon suíomh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ar bhonn míosúil in éineacht le cuairteanna tréimhsiúla a thabhairt ar bhailte agus cathracha ar fud na tíre. Roimh na cuairteanna sin déantar dianfhógraíocht áitiúil chun béim a chur ar fheasacht an phobail. Baintear úsáid as póstaeir, eitleoga, preasfhógraí agus fógraí raidió áitiúil sna feachtais fhógraíochta sin.

D'eagraigh m'Oifig dáileadh bileog eolais ar bhreis is 195,000 teaghlach i 2000.

Le linn 2000, thug m'fhoireann cuairteanna míosúla ar IESanna i gCorcaigh, Luimneach, Port Láirge, Gaillimh, Port Laoise agus sa Chúlóg. Fuarthas 621 ghearán nua san iomlán le linn na gcuairteanna sin ar na IESanna, a raibh 401 díobh bailí agus 220 (nó 35%) neamhbhailí. Is mian liom mo bhuíochas leis na IESanna a thaifeadadh as an tacaíocht leanúnach a sholáthraíonn siad do m'fhoireann i seachadadh na seirbhíse sin. Thug baill foirne ó m'Oifig cuairteanna lae ar Leitir Ceanainn, ar Dhún na nGall, ar Shligeach, ar an Aonach, ar Thiobraid Árann agus ar an Uaimh. Fuarthas 326 ghearán nua san iomlán mar thoradh ar na cuairteanna sin, a raibh 265 díobh bailí agus 61 (19%) neamhbhailí.

Is 666 a bhí i líon iomlán na ngearán bailí mar thoradh ar na cuairteanna míosúla agus lae. Táthar ag leanúint den tseirbhís luachmhar áitiúil sin i 2001 agus tá sonraí fúithi le fáil ar láithreán gréasáin m'Oifige ag www.irlgov.ie/ombudsman/ ar an Idirlíon.

Teagmháil le hOifigí eile Ombudsman

Le linn na bliana bhí áthas orm cuairteanna a fháil ó Nuala O'Loan, an tOmbudsman Póilíní nuacheaptha do Thuaisceart Éireann, Antonius Sujata, ó Choimisiún an Ombudsman don Indinéis, Oleg Orestovich Mironov, Coimisinéir na Rúise um Chearta an Duine, agus Tom Frawley, Ombudsman nuacheaptha an Tionóil do Thuaisceart Éireann. Ina theannta sin, d'eagraigh m'Oifig dianchúrsa dhá lá ar Scileanna Agallóireachta Imscrúdaithí inar ghlac baill foirne ó Oifig Ombudsman Thuaisceart Éireann páirt chomh maith.

Caidreamh le Comhlachtaí laistigh de Théarmaí Tagartha

Táim an-bhuíoch as an leibhéal ard comhoibrithe a fuair mé ó fhormhór mór na gcomhlachtaí poiblí laistigh de mo dhlínse. Aithním an ról an-tábhachtach a ghlacann cuid mhaith oifigeach idirchaidrimh a chinntíonn, i lár sceidil ghnóthacha a gcomhlachtaí poiblí féin, go dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí m'Oifige ar bhealach tráthúil agus cuimsitheach.

Is é ceann de na bealaí ina ndéanaim measúnú ar chéim an chomhoibrithe ó chomhlachtaí poiblí ná líon na bhfógraí Alt 7 a eisíonn m'Oifig le linn na bliana. Is éard atá i bhfógra Alt 7 ná éileamh reachtúil ar an soláthar eolais a dteastaíonn ó m'Oifig chun gearán a scrúdú. Ní úsáidtear é ach sna dálaí nuair is ann do mhoill mhór ar thaobh an chomhlachta phoiblí maidir leis an eolas a iarrtar a sholáthar. Is meicníocht é a úsáideann m'Oifig go gannchúiseach. Thosaigh mé ag foilsiú líon na bhfógraí Alt 7 a d'eisigh m'Oifig den chéad uair i dTuarascáil Bhliantúil 1998 inar taifeadadh 45 fhógra san iomlán. Laghdaíodh é sin go 27 bhfógra i 1999 agus mar a fheictear ó na figiúirí a thugtar anseo is 14 fhógra a bhí i líon iomlán na bhfógraí sin a eisíodh i 2000. Fáiltím roimh an laghdú sa líon fógraí ba ghá a eisiúint, rud a léiríonn rátaí feabhsaithe freagartha ar m'Oifig. Is ábhar imní dom é, áfach, go bhfuil an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, le trí fhógra dá leithéid, ar bharr an liosta go háirithe nuair a bhaineann an mhórchuid de na gearáin faoin Roinn le moill nó teip chun comhfhreagras a fhreagairt. Cé go bhfuil líon foriomlán na bhfógraí a eisíodh chuig údaráis áitiúla dulta i laghad, ní mór dom ábhar imní ar leith faoin gcaoi ar bhain aon cheann déag, nó 80% nach mór, de na fógraí a eisíodh i 2000 leo. Mar a tharlaíonn, baineann formhór mór na bhfógraí le trí bliana anuas le húdaráis áitiúla. Ba mhaith liom a fheiceáil gníomhaíocht chomhbheartaithe éigin á thabhairt ag na Bainisteoirí Contae chun dul i gceann na treochta shuaite seo.

Cé gurb í an phríomhfheidhm atá agam ná gearáin a imscrúdú, tá ról agam chomh maith i gcur chun cinn caighdeán níos airde riaracháin phoiblí. Is é ceann de na bealaí ina ndéanaim an ról sin ná comhlachtaí poiblí a spreagadh le córais ghearán inmheánacha a bhunú. Caitheann m'Oifig cuid mhaith ama anois ag cur comhairle ar chomhlachtaí poiblí ar na prionsabail leathana atá mar bhonn de chórais ghearán éifeachtacha.

Comhlacht	Líon Fógraí Alt 7 Eisithe
An Státseirbhís	
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	3
Údaráis Áitiúla	
Comhairle Contae Fhine Gall	2
Comhairle Contae na Gaillimhe	2
Comhairle Ceantair Uirbigh Ros Mhic Thriúin	1
Comhairle Contae Ros Comáin	1
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	1
Comhairle Ceantair Uirbigh Dhurlais	1
Comhairle Ceantair Uirbigh Chathair na Mart	1
Comhairle Contae Loch Garman	2
Iomlán	**14**

Staitisticí na nGearán

Fuair mé 5,102 ghearán le linn 2000, i gcomparáid le 3,986 ghearán i 1999. Ina theannta sin, dhéileáil m'Oifig le 4,441 fhiosrú teileafóin ó dhaoine den phobal, seachas fiosruithe teileafóin ó ghearánaithe. Ón gcuid is mó de na scairteoirí sin teastaíonn eolas bunúsach nó comhairle i dtaca leis an iliomad seirbhísí poiblí. Sa chomhairle a sholáthraíonn m'fhoireann áirítear an réimse ó conas gearán a dhéanamh le comhlacht poiblí go cén áit inar féidir eolas níos cuimsithí a fháil faoi sheirbhísí éagsúla. Tá an soláthar comhairle i ndiaidh teacht chun bheith ina réimse forásach gníomhaíochta do m'Oifig le blianta beaga anuas. Tá níos mó acmhainní geallta againn dó agus táimid lánsásta an tseirbhís sin a sholáthar do dhaoine a dhéanann teagmháil le m'Oifig mar nach bhfuil aon áit eile le dul chuige acu. Táim an-bhuíoch den fhoireann as an mbród mór a thaispeánann siad, ní hamháin i bhfuascailt rathúil gearáin, ach ina theannta sin sa chomhairle a thugann siad do scairteoirí anacracha ar a gcearta agus a dteidlíochtaí agus ar an gcomhlacht cuí ar ceart teagmháil a dhéanamh leis le haghaidh tuilleadh eolais. Nuair a chuirtear gnáthfhiosruithe agus gearáin san áireamh rinne breis is 9,500 duine teagmháil le m'Oifig i 2000. Is é an figiúr inchomparáide le haghaidh 1999 ná 8,800.

As na 5,102 ghearán a fuair mé i 2000 bhí 2,966 díobh san iomlán, thart ar 58%, lasmuigh de mo dhlínse, rud a d'fhág figiúr de 2,136 ghearán bhailí faighte. Méadaíonn cion na ngearán neamhbhailí gach bliain. Ag leibhéal amháin tugann na líonta forásacha sin le fios go bhfuil saoránaigh ag éirí níos eolaí faoina gcearta agus go bhfuil claonadh níos mó acu gearán a dhéanamh nuair nach dtéann gnóthaí go réidh. Cé go bhfáiltítear roimh an bhforbairt sin taispeánann sí chomh maith an gá go gcinnteodh an rialtas agus eile go gcuirtear meicníochtaí dóthanacha i bhfeidhm chun déileáil leis an éileamh sin. Mar a dúirt mé ní ba thúisce sa chaibidil seo, tá dlínse m'Oifige féin róchúng sa chaoi, gan aon chúis mhaith, go ndéantar réimsí móra den tseirbhís phoiblí a eisiamh ó imscrúdú. Ní bhíonn aon áit le dul dáiríre ag saoránaigh nach mbíonn rath ar ghearáin a dhéanann siad in aghaidh na gcomhlachtaí poiblí sin. Táim ag iarraidh go ndéanfaí an scéal sin a leigheas gan tuilleadh moille.

Tá patrúin eile ag eascairt sna staitisticí ar léiriú iad, creidim, de threochtaí sóisialta agus eacnamaíocha reatha. Leanann gearáin in aghaidh na Roinne Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh an patrún íslithe le déanaí, ag léiriú na líonta laghdaitheacha a fhaigheann leasa ón Roinn. Mar shampla, tugann staitisticí a scaoil an Roinn le fios go bhfuil an líon daoine ar an gClár Beo do Shamhain 2000 ag an leibhéal is ísle ó Shamhain 1981 i leith. Sa bhliain 2000 bhí 454 ghearán ann in aghaidh na Roinne i gcomparáid leis na gearáin i 1999, 1998 agus 1997 ag 665, 786 agus 1007 faoi seach. Léiríonn sé sin laghdú de 55% i ngearáin dá leithéidí ó 1997 i leith. Tá iarracht chomhfhiosach déanta ag an Roinn le blianta beaga anuas chun seirbhís níos cliant-dírithe a sholáthar agus tá feabhsúcháin déanta aici i réimsí mar an soláthar eolais do chliaint ar sheirbhísí agus cinntí. Tá sé sin i ndiaidh cur leis an laghdú ar ghearáin in aghaidh na Roinne chomh maith.

Arís, mar léiriú ar threochtaí sóisialta agus eacnamaíochta, táthar ag leanúint den mhéadú ar ghearáin in aghaidh

údarás áitiúil agus is 787 ngearán san iomlán a bhí ann i 2000, méid a sheasann do 37% de na gearáin ar fad a fuarthas. Is 487 ngearán san iomlán a bhí sna gearáin phleanála agus tithíochta, méid a sheasann do 62% de na gearáin ar fad in aghaidh údarás áitiúil a fuarthas. Mar a fheicfear ón méid atá ráite agam i gCaibidil 2 tá gearáin údaráis áitiúil, agus go háirithe gearáin phleanála, casta agus glacann siad am agus teastaíonn an-chuid acmhainní chun na gearáin sin a phróiseáil.

Laghdaigh an líon gearán in aghaidh bord sláinte ó 387 i 1999 go 304 i 2000. Tá cinntí bord sláinte i dtaca le Liúntais Leasa Shóisialta inachomharctha le hOifig Achomharc Leasa Shóisialta na Roinne Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh agus níl aon amhras orm ach go raibh an laghdú i ngearáin dá leithéid le m'Oifig mar thoradh air sin.

TUARASCÁLACHA AR SHAINCHEISTEANNA NÓ AR SHAINRÉIMSÍ RIARACHÁIN PHOIBLÍ

Caibidil 6

Staitisticí

CABHRÚ CHUN SEIRBHÍS PHOIBLÍ ATÁ OSCAILTE COTHROM AGUS FREAGRACH A BHAINT AMACH

Staitisticí

1. **Forbhreathnú ar Ghearáin 2000**

2. **Treocht na nGearán Bailí a Fuarthas le Deich mBliana Anuas - Forbhreathnú**

3. **Anailís ar Ghearáin Bhailí a Fuarthas i 2000 de réir Earnála**

4. **Comparáid Trí Bliana**
   Gearáin Bhailí a Fuarthas de réir Earnála

5. **An Státseirbhís**
   Gearáin Bhailí i 2000

6. **Údaráis Áitiúla**
   Gearáin Bhailí i 2000

7. **Boird Sláinte**
   Gearáin Bhailí i 2000

8. **Telecom Éireann agus An Post**
   Gearáin Bhailí i 2000

9. **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh**
   Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000

10. **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe**
    Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000

11. **An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**
    Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000

12. **Na Coimisinéirí Ioncaim**
    Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000

13. **An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil**
    Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000

14. **An Roinn Sláinte agus Leanaí**
    Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000

15. **Údaráis Áitiúla**
    Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000

16. **Boird Sláinte**
    Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000

17. **Gearáin Bhailí a Fuarthas de réir Contae i 2000**

18. **Anailís ar Ghearáin a Tugadh Chun Críche i 2000 - Forbhreathnú**

19. **An Státseirbhís**
    Gearáin a Tugadh Chun Críche i 2000

20. **Údaráis Áitiúla**
    Gearáin a Tugadh Chun Críche i 2000

21. **Boird Sláinte**
    Gearáin a Tugadh Chun Críche i 2000

22. **Telecom Éireann agus An Post**
    Gearáin a Tugadh Chun Críche i 2000

23. **Anailís ar Ghearáin Neamhbhailí a Fuarthas i 2000**

1. Forbhreathnú ar Ghearáin 2000

Gearáin	Líon
Faighte i 2000	5102
Lasmuigh de Dhlínse	2966
Iomlán laistigh de Dhlínse	2136
Tugtha ar Aghaidh ó 1999	999
Iomlán ar láimh do 2000	3135
Tugtha Chun Críche i 2000	**2075**
Tugtha ar aghaidh chuig 2001	1060
Fiosruithe	4441

2. Treocht na nGearán Bailí a Fuarthas le Deich mBliana Anuas

1991	2603
1992	2637
1993	2419
1994	2489
1995	2250
1996	2536
1997	3126
1998	2876
1999	2685
2000	2136



3. Anailís ar Ghearáin Bhailí a Fuarthas i 2000

An Státseirbhís	989
Údaráis Áitiúla	787
Boird Sláinte	304
An Post	56
Iomlán	**2136**



4. Comparáid Trí Bliana - Gearáin Bhailí a Fuarthas

Iomlán 2000: **2,136** Iomlán 1999: **2,685** Iomlán 1998: **2,876**



	An Státseirbhís	Údaráis Áitiúla	Boird Sláinte	Telecom Éireann	An Post
2000	989	787	305		56
1999	1375	737	387	113	73
1998	1396	690	482	227	8

5. An Státseirbhís - Gearáin Bhailí i 2000

	Tugtha ar aghaidh ó 1999	Faighte i 2000	Ar láimh do 2000
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh	147	454	601
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe	180	224	404
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	57	84	141
Na Coimisinéirí Ioncaim	47	88	135
An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil	9	24	33
An Roinn Sláinte agus Leanaí	16	16	32
Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha	14	12	26
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	9	15	24
Oifig na nOibreacha Poiblí	4	8	12
Clárlann na Talún	5	6	11
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	4	5	9
Eile	23	53	76
Iomlán	**515**	**989**	**1504**

6. Údaráis Áitiúla - Bailí i 2000

	Tugtha ar aghaidh ó 1999	Faighte i 2000	Ar láimh do 2000
Ceatharlach	1	7	8
An Cabhán	1	5	6
An Clár	6	22	28
Bardas Chorcaí*	14	36	50
Contae Chorcaí*	17	46	63
Dún na nGall*	11	41	52
Bardas Átha Cliath	22	82	104
Dún Laoghaire - Ráth an Dúin	11	45	56
Fine Gall*	12	24	36
Bardas na Gaillimhe*	10	24	34
Contae na Gaillimhe*	15	21	36
Ciarraí	15	20	35
Cill Dara	14	18	32
Cill Chainnigh	10	23	33
Laois*	4	25	29
Liatroim	3	2	5
Bardas Luimnigh*	9	25	34
Contae Luimnigh*	9	15	24
An Longfort	5	8	13
Lú	9	9	18
Maigh Eo	28	33	61
An Mhí*	8	34	42
Muineachán	3	3	6
Uíbh Fhailí	9	9	18
Ros Comáin	12	18	30
Sligeach*	7	13	20
Baile Átha Cliath Theas	15	34	49
Tiobraid Árann (Trian Thuaidh)*	5	21	26
Tiobraid Árann (Trian Theas)*	5	17	22
Bardas Phort Láirge*	4	9	13
Contae Phort Láirge*	4	12	16
An Iarmhí	3	14	17
Loch Garman	22	39	61
Cill Mhantáin	16	33	49
IOMLÁN	**339**	**787**	**1126**

Áirítear gearáin a fuarthas in aghaidh Bardas Buirge, Comhairlí Ceantair Uirbigh agus Coimisinéirí Baile sna figiúirí Contae.

* Tugadh cuairteanna miosúla IES nó cuairteanna aon-lá don chontae seo le linn 2000 agus d'fhéadfadh gur chuir sé seo le líon na ngearán a fritheadh.

7. Boird Sláinte - Gearáin Bhailí i 2000

	Tugtha ar aghaidh ó 1999	Faighte i 2000	Ar láimh do 2000
An tOirthear	26	45	71
Lár Tíre	8	18	26
An Meániarthar	16	16	32
An tOirthuaisceart	2	11	13
An tIarthuaisceart	7	22	29
An tOirdheisceart	21	23	44
An Deisceart	16	38	54
An tIarthar	24	50	74
*An Limistéar Thuaidh	0	27	27
*Limistéar an Chósta Thoir	0	21	21
*Limistéar an Iardheiscirt	0	32	32
** Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir	0	1	1
Iomlán	**120**	**304**	**424**

* Bunaíodh na trí Bhord Sláinte Limistéir nua seo ar 1 Márta 2000 agus tá siad freagrach as iarlimistéar Bhord Sláinte an Oirthir anois.

** Bunaíodh Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir ar 1 Márta 2000 le freagracht as pleanáil straitéiseach do na trí Bhord Sláinte Limistéir nua.

8. Telecom Éireann agus An Post - Gearáin Bhailí i 2000

	Tugtha ar aghaidh ó 1999	Faighte i 2000	Ar láimh ó 2000
Telecom Éireann	13	0	13
An Post	12	56	68
Iomlán	**25**	**56**	**81**

9. An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh

Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000		
Pinsin Seanaoise agus Scoir	109	
Íocaíochtaí Dífhostaíochta	101	
Íocaíochtaí Míchumais, Easláinte agus Máithreachais	68	
Íocaíocht do Bhaintreacha agus do Theaghlach Aontuiste	44	
Liúntas Breosla agus Scéimeanna Saor in Aisce	24	
Liúntas Oideachais / Liúntas don Fhilleadh ar Obair	22	
Liúntas Cúramóra	22	
ASPC	12	
Sochar Gortaithe Saothair	11	
Sochair Chóireála	9	
Sochar Páiste	4	
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	3	
Ilghnéitheach	25	
Iomlán	**454**	



10. An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe

Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000		
SCTT (Scéim Cosanta Timpeallachta Tuaithe)	70	
Deontais Bheostoic	62	
Cúnamh Ceantair	27	
Scéim Luathscoir	26	
Scéim Díothaithe Galair	12	
Deontais Fhorbartha Feirme	9	
Níor freagraíodh comhfhreagras	7	
Cuóta Bainne	3	
Coimisiún na Talún	2	
Ilghnéitheach	6	
Iomlán	**224**	



11. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000		
Moill / Teip i dtaca le freagairt	36	
Deontais agus Táillí Ard-Oideachais	16	
Iompar Scoile	9	
Scrúduithe	3	
Oideachas Speisialta	2	
Ilghnéitheach	18	
Iomlán	**84**	



12. Na Coimisinéirí Ioncaim

Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000		
Cáin Ioncaim	61	
Custam agus Mál	10	
CBL / Cáin Oidhreachta / CGC	6	
Dleacht Stampála	5	
Níor freagraíodh comhfhreagras	4	
Ilghnéitheach	2	
Iomlán	**88**	



13. An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil

Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000		
Níor freagraíodh comhfhreagras	8	
Mótarcháin / Ceadúnas Tiomána / Tástáil Tiomána	5	
Deontas Tí Nua	4	
Ilghnéitheach	7	
Iomlán	**24**	



14. An Roinn Sláinte agus Leanaí

Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000		
Oifig an Ard-Chláraitheora	9	
Níor freagraíodh comhfhreagras	2	
Ilghnéitheach	5	
Iomlán	**16**	



15. Údaráis Áitiúla

Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000			
Tithíocht			331
	Tithíocht - Leithdháiltí agus Aistrithe	164	
	Tithíocht - Deisiúcháin	63	
	Tithíocht - Iasachtaí agus Deontais	50	
	Tithíocht - Díolacháin	35	
	Tithíocht - Cíosanna	19	
Pleanáil			156
	Pleanáil - Forfheidhmiú	121	
	Pleanáil - Riarachán	35	
Bóithre agus Trácht			75
Moill - Teip i dtaca le freagairt			59
Séarachas & Draenáil			31
Táille Seirbhíse			20
Diúscairt Dramhaíola			15
Rátaí			12
Soláthar Uisce			12
Mótarcháin agus Ceadúnas Tiomána			11
Sealbhú talún/ceart			6
Rochtain ar Eolas ar an gComhshaol			4
Páirceanna/Spás Oscailte			4
Ilghnéitheach			51
Iomlán			**787**

16. Boird Sláinte

Miondealú de réir Príomhchatagóirí Gearán a fuarthas i 2000

Liúntas Leasa Forlíontach (LLF)			107
	Íocaíocht Riachtanas Eisceachtúil	53	
	An Scoilbhliain Nua		
	- liúntais éadaí agus bróg	23	
	Liúntais Chíosa agus Morgáiste	20	
	Ilghnéitheach	11	
Seirbhísí Sláinte (Ginearálta)			36
	Cárta Míochaine	29	
	Drugaí, Cógais agus Fearais	7	
Seirbhísí Ospidéil			59
	Seirbhísí Ospidéil		
	- Tithe Altranais/Fadchónaithe	44	
	Ilghnéitheach	15	
Moill / Teip i dtaca le freagairt			21
Íocaíochtaí Airgid (nach LLF)			14
Seirbhís Fiaclóireachta			13
Seirbhísí do Scothaosaigh - Cúnamh Tithíochta			11
Seirbhísí Cúraim Leanaí / Oibre Sóisialta			11
Soláthar Seirbhíse			7
Táillí Ospidéil			3
Riar na Scéime Aoisliúntais			2
Ilghnéitheach			20
Iomlán			**304**

17. Gearáin Bhailí a Fuarthas de réir Contae i 2000

Ceatharlach	23
An Cabhán	17
An Clár	52
Corcaigh	217
Dún na nGall	123
Baile Átha Cliath	531
Gaillimh	143
Ciarraí	74
Cill Dara	51
Cill Chainnigh	50
Laois	45
Liatroim	23
Luimneach	89
An Longfort	22
Lú	26
Maigh Eo	112
An Mhí	82
Muineachán	10
Uíbh Fhailí	28
Ros Comáin	35
Sligeach	38
Tiobraid Árann	101
Port Láirge	42
An Iarmhí	38
Loch Garman	71
Cill Mhantáin	55
Lasmuigh den Phoblacht	38
IOMLÁN	**2136**

18. Anailís ar Ghearáin a Tugadh Chun Críche i 2000

Gearán Réitithe	460
Réitithe i bPáirt	84
Cúnamh curtha ar fáil	488
Níor seasadh leis	770
Scortha	235
Tarraingthe siar	38
Iomlán	**2075**



19. An Státseirbhís - Gearáin a Tugadh Chun Críche i 2000

	Réitithe	Réitithe i bPáirt	Cúnamh curtha ar fáil	Scortha	Tarraingthe siar	Níor seasadh leis	Iomlán Tugtha Chun Críche
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh	78	11	119	33	5	193	439
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe	32	7	39	34	4	121	237
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	29	5	18	8	1	35	96
Na Coimisinéirí Ioncaim	18	6	27	13	2	18	84
An Roinn Sláinte agus Leanaí	8	1	10	2		4	25
An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil	6		3	3		10	22
Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha	4		6	1		8	19
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	4		9			5	18
Clárlann na Talún	2	1	3		2	2	10
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	1		4			3	8
Oifig na nOibreacha Poiblí			2			1	3
Eile	12	2	25	3		12	54
Iomlán	**194**	**33**	**265**	**97**	**14**	**412**	**1015**

20. Údaráis Áitiúla - Gearáin Tugtha Chun Críche i 2000

	Réitithe	Réitithe i bPáirt	Cúnamh curtha ar fáil	Scortha	Tarraingthe siar	Níor seasadh leis	Iomlán Tugtha Chun Críche
Ceatharlach	2	1	1	2			6
An Cabhán	1		2			1	4
An Clár	1	1	3	3	1	7	16
Bardas Chorcaí	6		2	5		12	25
Contae Chorcaí	7	1	7	7	1	17	40
Dún na nGall	10		6	7		8	31
Bardas Átha Cliath	22	4	5	10	4	19	64
Dún Laoghaire - Ráth an Dúin	7	1	5			14	27
Fine Gall	8		2	4	2	8	24
Bardas na Gaillimhe	7	1	4	3		8	23
Contae na Gaillimhe	7	2	1	1		10	21
Ciarraí	5	2	5	3	1	6	22
Cill Dara	6	1	2	5	1	4	19
Cill Chainnigh	6	1	7	4		5	23
Laois	3	1	3	7	1	3	18
Liatroim	2					1	3
Bardas Luimnigh	3		3	1		10	17
Contae Luimnigh	4	1	2	2		6	15
An Longfort	3		1	1		2	7
Lú	3	1	4	3		3	14
Maigh Eo	9	3	6	3		12	33
An Mhí	4	3	7	4		2	20
Muineachán	1	1		1		2	5
Uíbh Fhailí	3		2	2		2	9
Ros Comáin	6		3	1		7	17
Sligeach	5	2	1			5	13
Baile Átha Cliath Theas	10	2	5	3		14	34
Tiobraid Árainn (Trian Thuaidh)	3	2	7	1		5	18
Tiobraid Árainn (Trian Theas)	6		3			5	14
Bardas Phort Láirge	1	1	6	4		1	13
Contae Phort Láirge	2		3	2		3	10
An Iarmhí	4		3	1		3	11
Loch Garman	16	3	9	6	1	5	40
Cill Mhantáin	7	4	6	6	1	6	30
IOMLÁN	**190**	**39**	**126**	**102**	**13**	**216**	**686**

21. Boird Sláinte - Gearáin Tugtha Chun Críche i 2000

	Réitithe	Réitithe i bPáirt	Cúnamh curtha ar fáil	Scortha	Tarraingthe siar	Níor seasadh leis	Iomlán Tugtha Chun Críche
An tOirthear	10	2	7	7		41	67
Lár Tíre	7		6		1	7	21
An Meániarthar	5		10	5	2	5	27
An tOirthuaisceart	1		2		1	2	6
An tIarthuaisceart	5		4	2	1	9	21
An tOirdheisceart	10		4	5		16	35
An Deisceart	8	2	11	3	2	12	38
An tIarthar	11		20	7		5	43
An Limistéar Thuaidh	3	1	4	1	1	6	16
Limistéar an Chósta Thoir			1	1	2	5	9
Limistéar an Iardheiscirt			8		1	12	21
Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir							0
Iomlán	**60**	**5**	**77**	**31**	**11**	**120**	**304**

22. Telecom Éireann/An Post - Gearáin Tugtha Chun Críche i 2000

	Réitithe	Réitithe i bPáirt	Cúnamh curtha ar fáil	Scortha	Tarraingthe siar	Níor seasadh leis	Iomlán Tugtha Chun Críche
Telecom Éireann	3	4	3	1		1	12
An Post	13	3	17	4		21	58
Iomlán	**16**	**7**	**20**	**5**	**0**	**22**	**70**

23. Anailís ar Ghearáin Neamhbhailí a Fuarthas i 2000

Baincéireacht/Árachas	984
Cuideachtaí Príobháideacha	833
Comhlachtaí Poiblí lasmuigh de théarmaí tagartha	232
Cúirteanna/Gardaí	181
Pá agus Coinníollacha	82
Ilghnéitheach	654
Iomlán	2966



Foireann

Ard-Stiúrthóir

Pat Whelan

Imscrúdaitheoirí Sinsearacha

Maureen Behan

Michael Brophy

Fintan Butler

David Waddell

Imscrúdaitheoirí

Patricia Doyle

Geraldine Fitzpatrick

Eoghan Halpin

Ann Hayes

Brian McKevitt

Matt Merrigan

Tom Morgan

Willy O'Doherty

Paddy O'Dwyer

Donal O'Sullivan

Bernard Rooney

David Ryan

Foireann Tacaíochta

Catherine Boylan

John Doyle

Derek Finnegan

Phyllis Flynn

Ann Harwood

Evelyn Hernon

Paul Mallen

Fiona McCarney

Geraldine McCormack

Mary McGowan

Jacqueline Moore

Marian Mullen

Brian Murphy

Máire Ní Chatháin

Mary Pepper

Deborah Smyth

Kathleen Smyth

An tAonad Seirbhísí Corparáideacha

Brendan O'Neill - Ceann na Seirbhísí Corparáideacha

Finbar Hanratty

Bernie Kelly

Edmund McDaid

Brian McKeon

Audrey O'Reilly

Innéacs

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe

An Scéim Luathscoir ó Fheirmeoireacht 14

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Soláthar Tionlacan do Dhaltaí le Sainriachtanais 24

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh

Intofacht le haghaidh Pinsin Seanaoise Ranníocaígh 26

Riaráiste Pinsin Easláinteachta 15

Príobháideacht Cliant a Chosaint 25

Ranníocaíochtaí Árachais Shóisialta Shaorálaigh 26

Comhairle Ceantair Uirbigh Dhún Dealgan

Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas 20

Comhairle Contae Chill Dara

Nósanna Imeachta chun Tithe a Athshealbhú 32

Comhairle Contae Chill Chainnigh

Rochtain ar Dhoiciméid Phleanála 21

Comhairle Contae Mhaigh Eo

Teidlíochtaí faoi Pholasaí Cosanta Morgáiste 29

Comhairle Contae na Mí

Sárú Caomhaontaithe Ceada Slí 27

Bord Sláinte an Mheániarthair

Droch-Chaighdeán Cúraim d'Áitritheoir Tí Altranais 33

Ombudsman

Staitisticí na nGearán 39,41

Teagmháil le hOifigí eile Ombudsman 38

Dlínse agus Fíneálacha Áirithe 7

Diúltú na nÚdarás Áitiúil i dtaca le Comhfhreagras a Fhreagairt 9

Iasachtaí Tithíochta Údaráis Áitiúil 8

Gearáin faoi Phleanáil Údaráis Áitiúil 6

Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas 36

An Bille Ombudsman (Leasú) 36

Rochtain agus Feasacht an Phobail 37

Caidreamh le Comhlachtaí Iaistigh de Théarmaí Tagartha 38

Tuarascálacha ar Shaincheisteanna nó ar Shainréimsí Riaracháin Phoiblí 36

Bainistíocht Straitéiseach agus Pleanáil Gnó 36

An tOmbudsman, an Dlí agus an Saoránach - Cur Chuige bunaithe ar Luachanna 12

Na Coimisinéirí Ioncaim

Faoiseamh Cánach do Chúramóir 15

Gabháil Feithicle 24

Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

Scéim Cheannaigh le haghaidh Tionóntaí 19

Bord Sláinte an Oirdheiscirt

Deontas Tí Altranais 17

Bord Sláinte an Deiscirt

Táillí Ospidéil 33

An Oifig Luachála

Rátaí d'Áitreabh 16

Bardas Loch Garman

Táillí Bailithe Bruscair 31